



Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council



2020

Tuarascáil Bhliantúil



2020

Ár bhfís

***Ag obair leat,
ag obair ar do shon***

Ár Misean

*Chun a chinntiú, trí chomhoibriú agus trí
cheannaireacht láidir i gcomhpháirtíocht*

*leis an bpobal, go bhfuil Contae Ros Comáin
ina áit tarraingteach, uilechuimsitheach,
rathúil agus beoga é chun maireachtáil ann,
infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann
agus cuairt a thabhairt air.*



Thuas: Mainistir na Búille

Clúdach Tosaigh: Mainistir na Búille go Loch Eochairbhealach

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach	2
Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin	4
Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)	5
Tithíocht, IS & Claochlú Digiteach, Pleanáil agus Stiúrtóireacht Airgeadais	7
Tithíocht agus Tógáil	8
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide	12
Dreasachtaí agus Rialú Forbartha	14
Cúrsaí Airgeadais	17
An Stiúrtóireacht um Bóithre & Iompar, Seirbhísí Éigeandála, Rialú Foirgníochta agus Acmhainní Daonna	21
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	22
Seirbhísí Éigeandála	29
Rialú Foirgníochta	30
Acmhainní Daonna	31
An Stiúrtóireacht um Thurasóireacht, Pobal & Fiontar, Tionscadail Speisialta & Athghiniúint, na hEalaíona agus Leabharlanna	33
Turasóireacht	34
Pobal agus Fiontraíocht	35
Tionscadail Speisialta agus Athghiniúint	41
Oifig Fiontar Áitiúil	45
Na hEalaíona	46
Seirbhísí Leabharlainne	50
An Stiúrtóireacht um Sheirbhísí Uisce, Comhshaoil, Sócmhainní & Athrú Aeráide, Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha	53
Seirbhísí Uisce	54
Cosaint an Chomhshaoil	60
Sócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh	63
Gnóthaí Corparáideacha	65
Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil	68
Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideacht	70
Aguisín 1: Táscairí Seirbhísí 2020	72
Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí	78
Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí	79
Aguisín 4: Struchtúr na Bainistíochta	81

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Is fianaise í an Tuarascáil Bhliantúil seo ar athléimneacht, tiomantas agus gairmiúlacht na gComhaltaí Tofa, bainistíocht agus foireann Chomhairle Contae Ros Comáin a chuir ceannaireacht, saineolas agus réitigh nuálacha ar fáil, in ainneoin na ndúshlán gan fasach a chruthaigh paindéim Covid-19, chun freagairt chuí ar dhúshlán Covid-19 a áirithiú, mar aon le leanúnachas sheirbhísí na Comhairle do shaoránaigh agus do phobail ár gcontae.

Ba bhliain í 2020 nach bhfacthas riamh cheana le cuimhne na ndaoine. Chuir Covid-19 an domhan iomlán i ngéarchéim sláinte nach bhfacthas riamh cheana. Bhí sí ina cúis le breoiteacht fhorleathan, le fulaingt dhaonna uafásach agus le cailteanas suntasach daoine a fuair bás. Chuir sí isteach go huafásach ar an ngeilleagar agus mar thoradh air sin cuireadh gnólachtaí agus slite beatha daoine i mbaol. Bhí a tionchar sóisialta gan fasach. Go simplí, chuir Covid-19 an dóigh a maireann muid bun os cionn de réir mar a d'éirigh dianghlasáil, scaradh sóisialta agus srianta eile ina ngnáthrudáí. Mar thoradh ar na bearta sin cruthaíodh leithlisiú, uaigneas agus imní lena n-imrítear tionchar síceolaíoch suntasach ar chuid mhaith den daonra. Agus an cás sin mar chúla dúinn cuirimid an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2020 faoi bhuir mbráid.

Mar chuid dá freagairt láithreach i Márta 2020 do na dúshlán a cruthaíodh ag géarchéim Covid-19, tháinig Comhairle Contae Ros Comáin, i gcomhpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus le heagraíochtaí pobail agus deonacha, le chéile chun an *Fóram Freagartha Pobail* a chruthú. Ba é an príomhról a bhí aige seachadadh tacaíochtaí agus cúnaimh spriocdhírthe a chomhordú do bhaill leochaileacha na sochaí. Sa bhreis air sin, in éineacht leis an nGarda Síochána, bhunaigh an Chomhairle Líne Chabhrach Freagartha um Thacaíocht Phobail 24/7 chun tacú le gníomhaíochtaí an fhórait. Rinne an Chomhairle níos mó ná €105k de *Mhaoiniú Éigeandála Covid-19* a leithdháileadh freisin d'eagraíochtaí pobail agus deonacha a bhí ag freagairt don ghéarchéim. Áiríodh le tacaíochtaí do ghnólachtaí €8.2 a íocadh mar *Dheontais Atosaithe* do 871 ghnólacht áitiúil mar aon le tarscaoileadh rátaí, dar luach iomlán €4m, a deonaíodh do 1,413 ghnólacht. Rinne Seirbhís Dóiteáin na Comhairle freagairt ilghníomhaireachta de chuid an Ghrúpa Bainistíochta Mór-éigeandála Réigiún an Iarthair don ghéarchéim a chomhordú agus bhí a deonaigh Cosanta Sibhialta rannpháirteach go gníomhach i samplaí tástála a iompar don FSS agus i gcuidiú leis an tSeirbhís Fuilaistriúcháin. Trí na hidirghabhálacha sin, a chothaigh comhoibriú agus dlúthpháirtíocht an-mhór maidir le dul i ngleic leis an bpaindéim, cuireadh go suntasach lena tionchar a theorannú.

Ní nach ionadh, chruthaigh géarchéim Covid-19 rioscaí nach beag do leanúnachas sheirbhísí na Comhairle. Mar thoradh air sin, rinne an Chomhairle a *Plean Leanúnachais Ghnó* a nuashonrú d'fhonn na rioscaí sin a mhaolú. Bhraith an Chomhairle go mór freisin ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nuaimseartha agus ar *Chlár Bunathraithe Dhigitigh* dá cuid féin d'fhonn leanúnachas na seirbhísí a chinntiú. Ar aon dul le moltaí an rialtais agus le comhairle maidir le sláinte phoiblí, tugadh socrúithe cianoibre isteach trí ghléasanna daingne agus rochtain ar líonra na Comhairle a chur ar fáil do na fostaithe. Bhain fostaithe úsáid fhairsing as ardáin chumarsáide chun cruinnithe gnó a éascú. Trí *Mo Chuid Seirbhísí Ar Líne*, a sheol an Chomhairle ag tús na paindéime, cuireadh tairseach ar fáil trína raibh custaiméirí in ann seirbhísí ar líne a bhí ag dul i méid a rochtain arna gcur ar fáil ag an gComhairle, cibé áit ina raibh siad, ag am ar bith, ó ghléas ar bith. Chuidigh na tionscnaimh sin an cur isteach ar sheirbhísí na Comhairle a shrianadh chomh beag agus a bhí indéanta. Tá seans ann gur athraigh Covid-19 an dóigh a ndéanaimid gnó. Ach lean gnó na Comhairle chun oibriú ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil le linn na bliana.

Níl amhras ar bith ann gur spreag 2020 sinne go mbarr ar gcumais. Cuirtear deis ar fáil don Chomhairle leis an Tuarascáil Bhliantúil seo chun a cuid éachtaí iomadúla le linn na bliana a chur in iúl d'ainneoin na ndeacrachtaí móra a bhí ann. Is cúis mhór bróid gur féidir linn a thuairisciú gur lean Comhairle Contae Ros Comáin den bhonneagar a fhorbairt ar fud an chontae. Cuireadh mórthionscadail amhail tithíocht, bóithre, uisce agus fuíolluisce chun cinn nó cuireadh i gcrích iad. Mar shampla, cuireadh 24 aonad tithíochta le stoc tithe na Comhairle in 2020; fuarthas tairiscintí le haghaidh conraitheoir a sholáthar chun *Tionscadal an Bhóthair ó Bhealach an Doirín go Scramóg* a thógáil agus fuarthas faomhadh Evria do *Phríomhthionscadal Draenála Bhaile Ros Comáin*.

Rinneadh obair mhór agus chuathas i gcomhairle leis an bpobal ar *Phlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021-2027*. Leis an bplean sin leagtar amach straitéis fhoriomlán agus fíis na Comhairle maidir le planáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an chontae ar feadh na 6 bliana le teacht. Glacadh le *Plean Corparáideach 2019-2024* na Comhairle freisin ag tús 2020. Sa Phlean leagtar amach creat straitéiseach na Comhairle maidir le gníomhú thar thréimhse 5 bliana agus príomhghnéithe beartais náisiúnta agus riachtanais áitiúla á dtabhairt san áireamh. Beidh ról tábhachtach ag *Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021-2027* agus ag *Plean Corparáideach 2019-2024* araon maidir lenár dtéarnamh ó Covid-19 a chur chun cinn.

Is léir go ndeachaigh paidéim Covid-19 i bhfeidhm go mór ar earnáil na turasóireachta níos mó ná earnáil ar bith eile. Trí thionscadail thurasóireachta agus athnuachana cuirtear tacaíocht ar fáil don téarnamh san earnáil sin. Áiríodh le tionscadail a chur an Chomhairle i bhfeidhm in 2020 cúnamh leanúnach do chlár *Croíthailte Ceilte na hÉireann*, don *Tionscnamh Bailte Stairiúla Cheathrú na Spuaiceanna de chuid Ros Comáin*, do *Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte* agus do shaoráidí caithimh aimsire lasmuigh a fhorbairt amhail *Conair Rothaíochta ó Mhainistir an Bhúille go Loch Cé* agus *Bealach Fhearann na Manach* i mBaile Átha Luain.

Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2020 don Oifig Fiontair Áitiúil. Lean sí de Chontae Ros Comáin a chur chun cinn mar láthair don ghnó agus don infheistiú isteach. Sa bhreis air sin, bhí uirthi tabhairt faoi neamhchinnteachtaí ollmhóra arna gcruthú ag Covid-19 agus ag Brexit. Áiríodh le tacaíocht do ghnólachtaí deontais a cheadú agus *Dearbháin Trádála Ar Líne* agus *Dearbháin Leanúnachais Ghnó* araon lenar cuireadh ar chumas a lán gnólachtaí chun leanúint le trádáil sna tréimhsí deacra seo. Cuireadh béim láidir freisin ar ghnólachtaí a dhéanamh réidh do Brexit in 2020 trí mheantóireacht maidir le Brexit, ceardlanna custaim agus cúnamh do ghnólachtaí margaí onnmhairithe malartacha a shainaithint agus chun dul in iomaíocht iontu.

Taispeánadh le Covid-19 cé chomh leochaileach agus atá ár ndomhan. Thug sé rioscaí eile chun suntais amhail athrú an aeráide agus an ga práinneach le caidreamh an duine a chothromú an athuair leis an saol nádúrtha. Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta do chlár oibre an athraithe aeráide. Is ionann *Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024* dá cuid agus céim réamhghníomhach sa phróiseas de fhreagairt a dhéanamh.



Is mian linn ár bhfíorbhuíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa, leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach; le cathaoirligh agus le comhaltaí de na Coistí Beartas Straitéiseach agus Coistí Ceantar Bardasach; leis an bhFoireann Bainistíochta agus le baill foirne Chomhairle Contae Ros Comáin as a gcuid athléimneachta, solúbthachta, tiomantais, díograis agus as a gcuid iarrachtaí iontacha le linn 2020. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla iomadúla agus leis na heagraíochtaí deonacha agus pobail lena ndearna an Chomhairle comhoibriú as a rannchuidiú luachmhar agus as a gcomhoibriú mór le linn na bliana. Luigh Covid-19 go trom orainn uile. Gabhaimid ár gcomhbhrón ó chroí leo siúd a d'fhulaing agus a chaill daoine muinteartha. Ach tá laethanta dóchasacha os ár gcomhair, áfach. Tá clár vacsaínithe ar siúl faoi láthair lena gcuirtear an poitéinseal ar fáil chun filleadh ar chineál éigin de normáltacht de réir a chéile. Táimid in ann bheith ag súil le 2021 agus ina dhiaidh sin ionas go mbeidh an Chomhairle in ann a misean a chur i gcrích, eadhon **'ag áirithiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, gur áit tarraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus beoga é Contae Ros Comáin chun maireachtáil ann, infheistiú a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air.'**

An Clr Laurence Fallon
Cathaoirleach
Comhairle Contae Ros Comáin

An tUasal Eugene Cummins
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Ros Comáin

Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin



Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille



An Comhairleoir
Valerie Byrne
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Cummins
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Tom Crosby
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Liam Callaghan
Fine Gael



An Comhairleoir
Michael Mulligan
Sinn Féin



An Comhairleoir
Joe Murphy
Fianna Fáil



Ceantar Bardasach Ros Comáin



An Comhairleoir
Marty McDermott
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Anthony Waldron
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
Nigel Dineen
Neamhpháirtí




An Comhairleoir
Paschal Fitzmaurice
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Orla Leyden
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Kathleen Shanagher
Neamhpháirtí



Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain



An Comhairleoir
Ivan Connaughton
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Laurence Fallon
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Keogh
Fianna Fáil



An Comhairleoir
Donal Kilduff
Neamhpháirtí



An Comhairleoir
John Naughten
Fine Gael



An Comhairleoir
Tony Ward
Neamhpháirtí

Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)

CBS um Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair (lena n-áirítear Turasóireacht, Cultúr agus Leabharlanna)

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Orla Leyden (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir Ivan Connaughton
- › An Comhairleoir Joe Murphy
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir John Keogh
- › An Comhairleoir Tom Crosby
- › An Comhairleoir Nigel Dineen
- › An Comhairleoir Liam Callaghan

Ainmníúcháin Earnála

- › An tUasal John Mee, Gnó/Tráchtáil
- › An tUasal Liam Murray, Forbairt/Tógáil
- › An tUasal Susan Gaynor, Pobal/Deonach – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- › An tUasal Michael Ewing, PPN

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 19 Feabhra, an 1 Iúil, an 21 Deireadh Fómhair agus an 16 Nollaig 2020. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Oiliúint maidir le ról an CBS
- › Plean Oibre 2020
- › Clár Turasóireachta 2020
- › An tAthru Aeráide
- › Clár na hOifige Fiontar Áitiúil
- › Tionchar Covid-19 ar Phobal & Fiontraíocht, ar Athnuachan, ar Thurasóireacht, ar Sheirbhísí Cultúir agus Leabharlainne
- › Nuashonrú ar Aistriú Cóir
- › Croithailte Ceilte na hÉireann - Nuashonrú ar Thascfhórsa Cheann Scribe an Téarnaimh
- › Nuashonrú ar sheirbhísí Leabharlainne
- › Ciste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe/Uirbeach
- › Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Obair an CBS
- › Nuashonruithe ar Nuáil agus ar an Mol Cianoibre
- › Ionad na nEalaíon - Deiseanna le Rannpháirtíocht Chiana
- › Nuashonrú ar Athbhreithniú de chuid Fáilte Éireann ar Chomharthaí Turasóireachta sa Chontae
- › Láithreoireacht maidir le Tionscnamh Phláinéad na hÓige
- › Ullmhúchán don Tréimhse tar éis Covid, Atógáil ar Bhonn Dífriúil
- › Nuashonrú ar an bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil

CBS um Thithíocht, TFC agus Uisce Tuaithe

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir John Cummins (Cathaoirleach)
- › An Comhairleoir Liam Callaghan
- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- › An Comhairleoir John Keogh, An Comhairleoir Joe Murphy, An Comhairleoir Tony Ward
- › An Comhairleoir Marty McDermott
- › An Comhairleoir John Naughton
- › An Comhairleoir Anthony Waldron

Ainmníúcháin Earnála

- › An tUasal Monica Mahon, Ceardchumann
- › An tUasal Alex Connolly, Forbairt/Tógáil
- › An tUasal Jim O'Connor, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
- › An tUasal Vincent Moran, Pobal/Deonach - PPN
- › An tUasal Margaret Mulligan, Ionchuimsiú Sóisialta

Tionóladh 3 chruinniú den CBS sin an 13 Feabhra, an 1 Iúil agus an 10 Nollaig 2020. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Iarratas ar Dheontas
- › Clár Tithíochta 2020
- › Éadail
- › An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanai
- › Tithe Tréigthe le Díol
- › Fóram um Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
- › Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil
- › Clár Aisfheistithe Fuinnimh Lár Tíre
- › Dréachtphlean Feidhmithe um Dhaoine gan Dídean de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin
- › Aip Cíosanna Ar Líne um Bunathrú Digiteach
- › Treoirthionscadal um Chosaint Foinse Grúpscéimeanna Uisce
- › Tithe Údaráis Áitiúil arna nDiúltú

CBS um Pleanáil, Comhshaol, Athrú Aeráide agus Rialachas Corparáideach

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir John Naughten, Cathaoirleach
- › An Comhairleoir Laurence Fallon
- › An Comhairleoir Tom Crosby
- › An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- › An Comhairleoir Orla Leyden
- › An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- › An Comhairleoir Anthony Waldron
- › An Comhairleoir Michael Mulligan
- › An Comhairleoir Donal Kilduff

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Ned O' Connor, Talmhaíocht/Feirmeoireacht, an tUasal Gareth Scahill, Pobal/Deonach, an tUasal Hannah Mole, Comhshaol
- › An tUasal Ciaran King, Forbairt/Tógáil
- › An tUasal Sean Mahon, Gnó/Tráchtáil
- › An tUasal Fiona Fallon, Ceardchumann

Tionóladh 2 chruinniú den CBSC sin an 16 Meán Fómhair agus an 10 Nollaig 2020. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › An Beartas um Ghlacadh ar Láimh Forbairtí Tithíochta
- › Fodhlíthe le haghaidh Madraí a Rialú
- › Tuarascáil ón bhFochoiste um Athrú Aeráide
- › Nuashonrú ar an gClár Oibre le haghaidh 2020 - Comhshaol & Sócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide & Fuinneamh agus Gnóthaí Corparáideacha
- › Plean Bainistíochta Bruscair
- › Athbhreithniú ar Fhodhlíthe maidir le Corrrthrádail
- › Rún chun Anne Marie McKay (O'Connell) a chur leis an bhFochoiste um Athrú Aeráide
- › Fodhlíthe maidir le Páirc Loch na nÉan
- › Ciorclán WP06.20 - An Pacáiste Reachtaíochta um an nGeilleagar Ciorclach a Thrasuí

CBS um Iompar de Bhóithre agus Seirbhísí Éigeandála

Comhairleoirí

- › An Comhairleoir Nigel Dineen, Cathaoirleach
- › An Comhairleoir Valerie Byrne
- › An Comhairleoir Ivan Connaughton
- › An Comhairleoir John Cummins
- › An Comhairleoir Laurence Fallon
- › An Comhairleoir Donal Kilduff
- › An Comhairleoir Michael Mulligan
- › An Comhairleoir Marty McDermott
- › An Comhairleoir Tony Ward

Ainmniúcháin Earnála

- › An tUasal Mary Clifford, Gnó/Tráchtáil
- › An tUasal Rebecca Dobson, Comhshaol
- › An tUasal Trevor Hunt, Pobal/Deonach
- › An tUasal Matthew Dwyer, Forbairt/Tógáil

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 12 Feabhra, an 23 Iúil, an 8 Meán Fómhair agus an 8 Nollaig 2020. Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- › Fodhlíthe maidir le Reiligi
- › Scéim Feabhsaithe Áitiúil
- › Rialú Foirgníochta a Fhorfheidhmiú agus an Treoir maidir le Táirgí Tógála
- › Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030
- › Leathanbhanda
- › Glasbhealach ó Bhaile Átha Luain go Gaillimh
- › Rialú Foirgníochta



AN STIÚRTHÓIREACT UM THITHÍOCHT, IS & BUNATHRÚ DIGITEACH, PLEANÁIL AGUS AIRGEADAS

Tithíocht agus Tógáil



Tithíocht Shóisialta ag Sliabh Rua, Mainistir na Búille.



Tithíocht Shóisialta ag Seanbhóthar Thuama, Manach na Manach, Baile Átha Luain.

Clár um Éadail agus um Thógáil

Tá an Roinn Tithíochta tiomanta do na gníomhaíochtaí a bhaint amach atá leagtha amach faoin *Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 agus Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine*.



In 2020, chuir Comhairle Contae Ros Comáin na nithe a leanas i gcrích faoin *gClár um Éadail agus um Thógáil*:

- Tógáil lándéanta 12 theach ag an Sliabh Rua, Mainistir na Búille;
- 4 theach a thógáil i limistéar Fhearann na Manach, Baile Átha Luain;
- 8 dteach cónaithe aonair a cheannach i láithreacha éagsúla.

Ardsaoráid Léasaithe Caipitil (CALF)

Tá príomhról ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i dtithíocht shóisialta a sholáthar. Is ceanna de na príomhshruthanna maoinithe caipitil í an *Ardsaoráid Léasaithe Caipitil* le haghaidh tithíocht shóisialta a sholáthar trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Go dtí seo sholáthair na comhlachtaí sin 57 dteach faoin scéim.

Roghanna Léasaithe

Scéim Deisithe agus Léasaithe (SDL)

Tá an scéim seo dírithe ar úinéirí réadmhaoinne foilmhe nach bhfuil na hacmhainní acu na deisithe a dhéanamh chun a réadmhaoin a chur ar chaighdeán a theastaíonn chun é a ligean ar cíós. Tá 3 thionóntacht tithíochta sóisialta ag Comhairle Contae Ros Comáin faoi láthair i mbaile Ros Comáin ar an *SDL*.

Long-term Leasing

This form of social housing provision widens the options for increasing the supply of social housing. Roscommon County Council leased 5 properties from private owners on a long-term basis and a further 32 units under Rental Accommodation Scheme type lease agreements during 2020.

Morgáiste go Cíos (MTR)

Leis an scéim sin cuirtear ar chumas úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú ó úinéireacht a mbaile go tógáil a mbaile ar cíós mar thionóntaí tithíochta sóisialta. Rinne Comhairle Contae Ros Comáin agus an Ghníomhaireacht Tithíochta 23 iarratas ar thacaíocht *MTR* a phróiseáil go dtí seo. Deonaíodh faomhadh ón Roinn maidir le 7 n-iarratas in 2020 agus próiseáladh agus cuireadh i gcrích na hiarratais sin ina n-iomláine ag an gComhairle trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (3 thionóntacht) agus trí Bhaile ar feadh an tSaoil (4 thionóntacht).

Measúnuithe agus Tithíocht Leithdháilte

Tugadh an Measúnú Bliantúil um Riachtanais Tithíochta Sóisialta chun críche lena n-áirítear líon iomlán na dteaghlach atá incháilithe i gcomhair tithíocht shóisialta gach bliain, an 7 Nollaig 2020.

Ag an am sin bhí 313 iarratasóir (gan aistrithe san áireamh) ar an liosta tithíochta ceadaithe. Bhí 690 iarratasóirí ar aistriú ar an liosta, a bhfuil an chuid is mó díobh ina gcónaí i gcóiríocht príobháideach ar cíós trí *HAP* agus *RAS*. Rinneadh 118 réadmhaoin a thairiscint d'iarratasóirí incháilithe ar thithíocht shóisialta sa bhliain 2020, agus 72 chomhaontú tionóntachta mar thoradh air sin.



Scéim Cóiríochta Cíos (SCC)

Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag leanúint le tacaíocht airgeadais a sholáthar do chóiríocht príobháideach ar cíós dóibh siúd a bhfuil gá le tithíocht ar bhonn fadtéarmach acu tríd an *RAS*. Bhí tacaíocht á tabhairt do 388 dteaghlach mar chuid den scéim seo ag deireadh 2020. Bhí 283 theaghlach i gcóiríocht príobháideach ar cíós agus 105 theaghlach i gcóiríocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Fíor 1: Tionóntachtaí Príobháideacha Cíos



Scéim na hÍocaíochta Cúnamh Tithíochta

Táthar ag leanúint de thacaíocht tithíochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil gá le tithíocht ar bhonn fadtéarmach acu faoi scéim *HAP*. Tugadh cóiríocht do 142 iarratasóir mar chuid den scéim in 2020. Fágann sé sin gur 716 líon iomlán na n-iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh mar chuid de scéim ó cuireadh tús léi i Nollaig 2016.

Na caighdeáin le haghaidh Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos

Bhí iniúchtaí á ndéanamh i rith ba bliana 2020 ar theaghaisí príobháideacha ar cíós faoi Rialacháin na dTithe (Caighdeáin le haghaidh Tithe Príobháideacha ar Cíos), 2017. Tá na sonraí leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Iniúchtaí ar Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos

Líon iomlán na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích	456
Líon na dteaghaisí a measadh comhlíontach	120
Líon na litreacha um fheabhsú arna n-eisiúint do thiarnaí talún	336

Easpa dídine

Cuireann Comhairle Contae Ros Comáin réimse freagairtí ar fáil don easpa dídine i gcomhréir le *Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair*. Tháinig 34 theaghlach chugainn le haghaidh seirbhísí easpa dídine in 2020, agus bhí cóiríocht sa ghearrthéarma de dhíth ar 27 acu. Bhain 14 theaghlach leas as tacaíocht tithíochta sóisialta trí thithíocht údaráis áitiúil agus Comhlachta Ceadaithe Tithíochta agus trí scéimeanna HAP agus RAS.

Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Foilsíodh an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Fuarthas 29 n-iarratas in 2020. Rinneadh 15 thairiscint díola in 2020 agus cuireadh 8 ndíolachán i gcrích.

Iasachtaí Tithíochta

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 17 n-iarratas ar iasachtaí baile um Atógáil na hÉireann in 2020. Rinneadh 11 iarratas ar iasachtaí a fhaomhadh le linn 2020 agus tarraingíodh anuas 10 n-iasacht ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

Díol Láithreán Príobháideach agus Tithe Tuaithe


Díoladh an láithreán deireanach a bhí ar fáil in Ard Salach Mór, Ros Comáin, in 2019. Rinneadh 11 láithreán i Radharc na Foraoise, Mainistir na Búille in Iúil 2019, ar phraghas laghdaithe de €10,000. Ní bhfuarthas iarratas ar bith ar láithreáin a cheannach i Radharc na Foraoise in 2020. Díoladh 5 theach thréigthe le linn na bliana.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024

Glacadh le *Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024* ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle i Meitheamh 2019. Ar aon dul leis an gclár, tá roinnt tionscadal idir lámha ag an gComhairle ag céimeanna éagsúla lena n-áirítear forbairtí molta ag Brí Chaoilínne, Cluain Salach, An Caisleán Riabhach agus Cluain Airne, Bóthar Bhéal Áth Liag, Ros Comáin. Cuireadh 5 theaghlach den lucht siúil i gcóiríocht i dtithíocht shóisialta chaighdeánach agus cuireadh 4 theaghlach bhreise i gcóiríocht ar láithreáin stad in 2020.

Cothabháil Tithe

Fuair an Roinn Tithíochta 1,234 ghlaoch cothabhála agus chaith sí €559,144.73 ar oibreacha freagartha cothabhála in 2020. Is ionann é sin ar an meán agus €453.10 in aghaidh an ghlaigh amach.



Clár na dTithe Folmha

Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht 38 n-aonad a mhaoiniú faoi *Chlár 'Spreagthach Iúil' um Thithe Folmha 2020*. Ba ionann an maoiniú agus €361,025.

Bíonn tionóntaí i dtimpeall 96.5% den soláthar údaráis áitiúil in aon am ar bith agus aistriú seilbhe nádúrtha a bhíonn i gceist le 2% eile (an céatadán den soláthar idir tionóntaí). Is dócha nach dtiocfaidh an 1.5% eile den stoc tithíochta ar ais ina úsáid tháirgiúil mar tá na haonaid sin beartaithe le haghaidh díola (meastar go bhfuil siad tréigthe agus i limistéir éilimh ísil).

Deontais Tithíochta

Ba ionann an maoiniú a leithdháileadh do Chontae Ros Comáin do 2020 agus €1,157,814 (80% arna mhaoiniú ag Ranna an Rialtais agus 20% arna mhaoiniú ag Comhairle Contae Ros Comáin). D'ainneoin srianta Covid-19, rinne an Chomhairle 90% den leithdháileadh iomlán a phróiseáil. Caitheadh €204,309.35 ar 10 dteach na Comhairle a chur in oiriúint faoi *Dheontais do Dhaoine faoi Mhíchumas* do stoc an údaráis áitiúil.

Tábla 2: Scéimeanna Deontais Tithíochta

Scéim	Líon na nDeontas a Faomhadh	Luach na nDeontas a Faomhadh
Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	58	€492,253.20
Deontas Tithíochta um Áis Shoghluaisteachta	30	€151,953.71
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	69	€352,748.46



Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2019 (fadaithe)


Bunaíodh Grúpa Stiúrtha maidir le Tithíocht agus Míchumas do Chontae Ros Comáin in 2014 i Ros Comáin. Rinne Roinn Tithíochta na Comhairle an Plean Straitéiseach le Cóiríocht a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumasa ullmhú agus tá an plean i gcomhréir leis an *bPlean Straitéiseach Náisiúnta le Cóiríocht a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas*. Bhí 3 chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha maidir le Míchumas in 2020. Tugadh tacaíocht tithíochta sóisialta do 40 duine faoi mhíchumas in 2020 i gceann amháin de na bealaí seo: tithíocht údaráis áitiúil, tithíocht le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, HAP, RAS agus réadmhaoin léasaithe

Bainistíocht ar Eastáit

Déanann an Roinn Tithíochta dea-chleachtais i leith na bainistíochta ar eastáit a chur chun cinn i gcónaí a chothaíonn bród sa cheantar agus bíonn pobail bhríomhara inbhuanaithe mar thoradh air sin. Tharla na rudaí seo a leanas in 2020:

- Tuairiscíodh 28 dteagmhais d'iompraíocht fhrithshóisialta agus réitíodh cúrsaí;
- Eisíodh 3 Rabhadh um Thionóntachtaí do thionóntaí údaráis áitiúil maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta;
- Fuarthas 1 Ordú Sealbhaithe tríd an gCúirt Dúiche maidir le háitiú mídhleathach;
- Rinne an tOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta teagmháil rialta le maoir bhruscair agus leis an bpobal.

Fíor 2: Miondealú ar Leithdháiltí Míchumais



Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide



Tá Ceann na gCóras Faisnéise i gceannas ar Roinn na gCóras Faisnéise agus Bunathraithe Dhigitigh, dá dtugann Foireann Oibríochtaí TFC (Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide) agus Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh agus GIS (Córais Faisnéise Geagrafaí) tacaíocht.

Oibríochtaí TFC

Soláthraíonn Foireann na nOibríochtaí TFC ardán seachadta seirbhíse agus tacaíocht theicniúil do ranna uile na Comhairle, chun a chinntiú go mbíonn trealamh agus faisnéis ar fáil go réidh, de réir mar is gá, chun seirbhís éifeachtúil a sholáthar do chliaint agus do chustaiméirí na Comhairle.

In 2020, caitheadh méid suntasach ama acmhainne chun freagairtí iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le paindéim Covid-19. Theastaigh ó na freagairtí sin foireann a shlógadh chun réitigh theicneolaíocha nua a chur ar fáil maidir le cianobair agus tacaíochtaí don phobal. Chuir Foireann Oibríochtaí TFC naisc dhaingne i bhfeidhm leis an líonra corparáideach agus chuir siad gléasanna bainistithe cothrom le dáta ar fáil don fhoireann chun naisc le láithreacha cianoibre a éascú. Tugadh an deis don fhoireann leis sin obair a dhéanamh ón mbaile, agus rochtain acu ar chórais uile na Comhairle, rud a chinntigh nár cuireadh isteach ar sheirbhísí don phobal.

Rinne Foireann Oibríochtaí TFC trealamh a sholáthar freisin lenar ligeadh do chur ar bun líne cabhrach do thacaíocht phobail atá ar fáil don phobal 24/7 trí phaindéim Covid-19. Leis an tseirbhís sin cinntítear go mbíonn cabhair ar fáil do shaoránaigh uile an chontae dá mbeadh gá léi.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de sheirbhísí a úsáid agus a fhorbairt atá ar fáil trí ardán Microsoft 365. Leis an gcur chuige sin cumasaítear rochtain shlán ar chórais corparáideacha agus ar fhaisnéis ó láthair ar bith ar ghléasanna daingne bainistithe. Cuidíonn sé freisin le foireann na Comhairle a ligean obair a dhéanamh ar dhóigheanna nua agus an lorg carbóin a laghdú tríd an ngá le gléasanna fisiceacha a laghdú.



Bunathrú Digiteach

Tá Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh freagrach as clár oibreacha a sholáthar don eagraíocht chun bunathrú digiteach a bhaint amach, agus é mar aidhm ag an gclár sin seirbhísí ardchaighdeán inrochtana a sholáthar atá éifeachtúil agus tarraingteach, a bhíonn ag teacht lena bhfuil saoránaigh ag súil. Áiríodh le clár oibre na foirne sin do 2020 27 seirbhís ar líne éagsúla a fhorbairt. Gné ríthábhachtach a bhí sa chlár sin maidir le rochtain éasca agus éifeachtúil ar sheirbhísí na Comhairle a chur ar fáil do chustaiméirí le linn phaindéim Covid-19.

Seoladh *Mo Chuid Seirbhísí Ar Líne* i Feabhra 2020. Leis an tairseach ar líne seo ligtear do chustaiméirí leas a bhaint as líon na seirbhísí ar líne atá ag dul i méid a chuireann an Chomhairle ar fáil. Cláraíonn custaiméirí chun seirbhísí ar líne a úsáid amhail fadhbanna a thuairisciú, iarratais a chur isteach ar dheontais nó íocaíochtaí a dhéanamh. Chláraigh 1,940 custaiméir mar úsáideoirí custaiméirí féinseirbhíse ar *Mo Chuid Seirbhísí Ar Líne* in 2020. Leis sin, ligeadh dóibh seirbhísí na Comhairle a rochtain 24/7 ó áit ar bith ar ghléas ar bith.

Leantar de phróisis ghnó a fheabhsú freisin trí sheirbhísí ar líne a chur i bhfeidhm go céimneach. Rinne Comhairle Contae Ros Comáin maoiniú dar luach níos mó ná €9m a riar trí Dheontais Covid-19 i dtaobh Atosaithe Gnó agus Deontas Pobail, agus próisis ar líne á n-úsáid lena ngintear coigilteas nach beag maidir le ham na foirne, postas agus priantáil. Tá beagnach 5,000 custaiméir cláraithe ag Comhairle Contae Ros Comáin ar an ardán seirbhísí do chustaiméirí dá cuid.

GIS

Déanann an Fhoireann GIS na córais a chothabháil agus a fhorbairt a theastaíonn chun rochtain a sholáthar d'fhoireann na Comhairle agus do bhaill an phobail ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna. San áireamh leis na córais sin tá huirlisí chun amharc ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna agus chun í a bhailiú. Mar shampla, in 2020, chruthaigh an Fhoireann GIS *Léarscáil Seirbhísí Tacaíochta Pobail Covid-19* gréasánbhunaithe chun baill an phobail a chumasú grúpaí pobail a aimsiú a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta ina gceantar.

Bhain roinnt foirne laistigh den Chomhairle leas as feidhmeanna GIS do ghléasanna móibíleacha chun sonraí a bhailiú allamuigh ar bhonn níos gasta agus níos éifeachtúla. D'oibrigh na foirne sin le foireann GIS chun suirbhéanna digiteacha a fhorbairt lena gcuidítear le próisis bailithe sonraí allamuigh a fheabhsú.

Agus sonraí níos mó á mbailiú allamuigh, tá sé tábhachtach go mbíonn tuairisciú feabhsaithe ar na sonraí sin ar fáil freisin. In 2020 tugadh Power BI isteach d'fhonn cur le deaiseanna GIS reatha agus na huirlisí a chur ar fáil do chinnteoirí a theastaíonn uathu chun amharc ar fhaisnéis agus í a mheasúnú go gasta. D'fhorbairt an Fhoireann GIS roinnt tuarascálacha gréasánbhunaithe d'fhonn príomh-mhéadracht a thaispeáint ar bhealach simplí agus úsáideach.

Chuir an Fhoireann GIS uasghrádú i gcrích freisin ar fheidhmeanna léarscáilithe gréasáin inmheánacha na Comhairle chun eispéireas feabhsaithe a chur ar fáil d'úsáideoirí agus chun timpeallacht ghréasáin níos sláine a chruthú chun obair a dhéanamh inti.

Dreasachtaí agus Rialú Forbartha

Clúdaítear sa tseirbhís sin na feidhmeanna seo a leanas de chuid na Rannóige Pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt:

1. Bainistíocht Forbartha
2. Forfheidhmiú Pleanála
3. Réamhphleanáil

Bainistíocht Forbartha

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 573 iarratas ar phleanáil in 2020. Tá sonraí maidir le torthaí na n-iarratas sin curtha i láthair i dTábla 1:

Tábla 1 Iarratais ar Phleanáil 2015-2020

	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Iarratais a Fuarthas	453	511	526	665	671	573 ¹
Cinntí maidir le Deonú	275	333	340	433	410	331
Cinntí maidir le Diúltú	43	33	32	34	46	51
Ráta Diúltaithe	9.5%	9%	8.6%	7.8%	11.2%	15.4%
Líon na nAchomharc	9	7	16	13	16	17
Achomhairc ar sheas an Bord Pleanála leo	5	4	7 ²	6	9 ³	11 ⁴

- 1 Áirítear leis sin iarratais bhailí agus neamhbhailí ar phleanáil; ní áirítear leis iarratais um shíneadh ar fhad de chuid Alt 42 agus tograí um fhorbairt Chuid 8 Chomhairle Contae Ros Comáin.
- 2 Tá na figiúirí le haghaidh 2015 – 2017 de réir Tuarascálacha Bliantúla roimhe sin agus léiríonn siad líon na gcinntí ar seasadh leo tráth a raibh an Tuarascáil Bhliantúil á hullmhú.
- 3 Rinneadh staitisticí achomhairc 2018 agus 2019 a nuashonrú chun gach cinneadh achomhairc a léiriú.
- 4 Rinneadh 2 de na 17 n-achomharc a taisceadh in 2020 a tharraingt siar ina dhiaidh sin. As na 15 chás a bhí fágtha, rinneadh cinneadh i leith 13 acu go dtí seo, agus seasadh le cinneadh na Comhairle in 11 chás (85%).

Tionóladh líon iomlán de 223 chruinniú réamhphleanála in 2020.

Forfheidhmiú Pleanála

Cuimsítear i bhforfheidhmiú pleanála gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, réiteach forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe agus bailiú ranníocaíochtaí forbartha.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin

Is cion é forbairt neamhúdaraíthe a dhéanamh. San fhaisnéis thíos léirítear na céimeanna éagsúla de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar thug an Chomhairle fúithi in 2020 i ndáil le forbairt neamhúdaraíthe líomhnaithe, i gcomhréir le Cuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

- **Litir Rabhaidh:** Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin 37 Litir Rabhaidh.
- **Fógra Forfheidhmiúcháin:** Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin 5 Fhógra Forfheidhmiúcháin.
- **Caingean Dlí:** Thionscain Comhairle Contae Ros Comáin caingean dlí i gcás forfheidhmiúcháin amháin.

Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a Réiteach

Bhí thart ar 132 forbairt tithíochta i Ros Comáin nár tugadh faoi chúram in 2020, agus bhí formhór díobh sin neamhchríochnaithe go pointe áirithe.

Lean Foireann na bhForbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe ag obair chun forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe a réiteach sa chontae trí rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe ábhartha chun pleananna réitigh láithreán a aontú agus a chur chun feidhme. Glacadh 17 bhforbairt tithíochta faoi chúram in 2020.

Ranníocaíochtaí Forbartha a Bhailiú

Gearrtar ranníocaíochtaí forbartha ar iarratais ar phleanáil i gcomhréir leis an *Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha 2014* arna glacadh. Tá sonraí maidir le 2019 agus 2020 curtha i láthair i dTábla 2.

Tábla 2: Ranníocaíochtaí Forbartha 2019 agus 2020

Scéim um Ranníocaíochta Forbartha	2019	2020
Ranníocaíochtaí a sonrascadh	€1,023,710.55	€770,886.50
Ranníocaíochtaí a fuarthas	€714,676.65	€506,354.26



Réamhphleanáil

Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021 - 2027 a ullmhú.


I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), éilíodh go gcuirfí tús leis an bpróiseas reachtúil de *Phlean Forbartha an Chontae* a athbhreithniú laistigh de 13 sheachtain tar éis glacadh an *Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach ag an Tionól Réigiúnach* Thuaidh agus Thiar (NWRA), an 24 Eanáir 2020. Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí foirmiúil réamhdhréachta de *Dhréachtphlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021 - 2027* an 27 Márta 2020, nuair a foilsíodh an *Páipéar Saincheisteanna*. Roimhe sin, bhí ceardlann ar siúl go luath i Márta, agus Comhaltaí Tofa, an Fhoireann Bhainistíochta agus oifigigh ón Roinn Pleanála i láthair, chun raon de shaincheisteanna straitéiseacha a phlé agus a bhreithniú a bhaineann le *Dréachtphlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021 - 2027* a ullmhú.

Ba mheán luachmhar é suíomh gréasáin a forbraíodh d'aonghnó do *Phlean Forbartha Chontae Ros Comáin* (www.rosdevplan.ie) maidir le cumarsáid agus comhairliúchán i dtréimhsí in 2020 nuair a bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm. Baineadh úsáid as na meáin shóisialta freisin chun deiseanna comhairliúcháin phoiblí a thabhairt chun suntais. Bhí ceardlanna comhairliúcháin phoiblí ar an réamhdhréacht ag deireadh lúil sna háiteanna a leanas: Ros Comáin, Fearann na Manach, An Caisleán Riabhach, Bealach an Doirín agus Béal na mBuillí.

Tar éis conclúidí an phróisis comhairliúcháin phoiblí ar an réamhdhréacht, eisíodh *Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAighneachtaí a Fuarthas ar an gComhairliúchán Réamhdhréachta* do Chomhaltaí Tofa i Meán Fómhair 2020. Tionóladh Cruinniú Speisialta den Chomhairle an 12 Samhain 2020 ag a ndearna comhaltaí an tuarascáil a bhreithniú go foirmiúil agus d'eisigh siad treoir don Fheidhmeannacht chun tús foirmiúil a chur le hullmhúchán *Dhréachtphlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021 - 2027*.

Tionchar Covid-19 ar an gCóras Pleanála in 2020

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 tugadh isteach an Achta um Bearta Éigeandála chun Leasa an Phobail (Covid-19) 2020. Mar thoradh ar an reachtaíocht sin cuireadh foráil nua (Alt 251A) leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). De bharr sin, síneadh tréimhsí ama a bhain le cúrsaí pleanála faoi 8 seachtain. Bhí tionchar aige sin ar fhrámaí ama le haghaidh iarratais ar phleanáil a phróiseáil agus mar thoradh air sin síneadh an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí don réamhdhréacht de *Dhréachtphlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021 - 2027* le haghaidh tréimhse shuntasach.



Cúrsaí Airgeadais

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as an méid seo a leanas;

- › **Bainistíocht agus Maoirseacht Airgeadais;**
- › **Cuntais Infhála lena n-áirítear Mótarcháin;**
- › **Cuntais Iníoctha agus Soláthar;**
- › **Iniúchadh Inmheánach;**
- › **Soláthar agus Foilsiú Faisnéise Airgeadais lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Ráiteas Bliantúil Airgeadais.**

Bainistíocht Airgeadais

Oibríonn an Chomhairle Cuntas Ioncaim le haghaidh ioncam agus caiteachas laethúil reatha agus Cuntas Caipitil maidir le hioncam agus caiteachas a bhaineann le tionscadail níos fadtéarmaí amhail soláthar bonneagair agus sócmhainní, lena n-áirítear bóithre, scéimeanna tithíochta, talamh agus foirgnimh.

B'ionann leibhéal an caiteachais don Chuntas Ioncaim do 2020 agus €71.3m agus b'ionann an caiteachas don Chuntas Caipitil agus €45.5m.

Príomhphointí a bhaineann le Gníomhaíocht Airgeadais in 2020

- › Seachadadh barrachas €17k ar an gCuntas Ioncaim;
- › Thuairiscigh an Cuntas Caipitil iarmhéid creidmheasa carntha dar luach €23.4m;
- › Is ionann an cúlchiste ginearálta carntha ag deireadh 2020 agus €218.8k;
- › Caitheadh méid iomlán comhcheangailte de €116.8m le haghaidh Ioncaim agus Caiteachais maidir le seirbhísí a sheachadadh do shaoránaigh Ros Comáin;
- › Leanann feidhm an phárolla chun oibriú trí Chomhaontú Seirbhíse mar sheirbhís chomhroinnte arna hóstáil ag Comhairle Contae Laoise;
- › Íocadh 97% de na sonraisc ó sholáthraithe laistigh de 30 lá le linn 2020, rud atá ar aon dul leis an mbliain roimhe sin.

Tacaíochtaí Airgeadais Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 sholáthair an Rialtas roinnt tacaíochtaí airgeadais do ghnólachtaí áitiúla agus don Chomhairle. Seo a leanas an tionchar ar Chuntas Ioncaim 2020:

- › Íocadh €8.2m mar Dheontais Atosaithe le 871 ghnólacht áitiúil tríd an gceannnteideal um Bainistíocht Forbartha;
- › Aisíocadh €806k leis an gComhairle i gcomhair caillteanas ioncaim agus caiteachas méadaithe;
- › Cuireadh tarscaoileadh rátaí dar luach €4m i bhfeidhm do 1,413 ghnólacht; Fuair an Chomhairle na rátaí sin ina dhiaidh sin go díreach ón Rialtas.

Bailiú Ioncaim

Sa tábla a leanas tugtar achoimre ar fheidhmíocht um bailiú ioncaim ó 2015:

	2020	2019	2018	2017	2016	2015
Rátaí	68%	89%	86%	83%	91%	93%
Cíos	93%	91%	92%	91%	92%	89%
Iasachtaí Tithíochta	62%	76%	55%	56%	58%	75%

Tháinig laghdú ar chéatadán de na bailiúcháin i ndáil le rátaí agus iasachtaí do thithíocht mar gheall ar Covid-19 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'oibriú leis na custaiméirí ar fad chun fadhbanna a bhaineann le muirir na Comhairle a íoc a réiteach.

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais) don bhliain arna chríochnú an 31 Nollaig 2020


Tugann an Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais gach ioncam agus caiteachas le chéile a bhaineann le hioncam. Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Caiteachas de réir Rannáin	Ollchaiteachas 2020 €	Ioncam 2020 €	Glanchaiteachas 2020 €	Glanchaiteachas 2019 €
Tithíocht agus Tógáil	6,691,896	8,267,248	(1,575,352)	(1,796,591)
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	24,415,040	17,040,013	7,375,027	6,792,252
Seirbhísí Uisce	6,428,128	6,430,901	(2,774)	(111,341)
Bainistíocht Forbartha	15,501,800	11,633,300	3,868,500	3,366,969
Seirbhísí Comhshaoil	6,288,708	1,036,011	5,252,696	4,548,794
Caitheamh Aimsire agus Áiseanna	4,196,947	760,753	3,436,194	3,137,294
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	650,560	308,989	341,571	329,422
Seirbhísí Ilghnéitheacha	7,167,250	7,456,902	(289,652)	1,803,900
Caiteachas/Ioncam Iomlán	71,340,329	52,934,118		
Glanchoistas na Rannán a mhaoineofar as Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil			18,406,210	18,070,699
Rátaí			12,425,769	11,653,614
Cáin Maoine Áitiúla			10,817,612	10,216,230
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe			4,837,171	3,799,144
Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí			(4,820,107)	(3,787,237)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain			17,063	11,907
Cúlchiste Ginearálta amhail an 1 Eanáir			201,740	189,833
Cúlchiste Ginearálta amhail an 31 Nollaig			218,803	201,740

Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) mhail an 31 Nollaig 2020


	2020 €	2019 €
Sócmhainní Seasta	€	€
Feidhmiúil	240,502,218	235,735,117
Infreastruchtúrach	1,615,664,454	1,615,664,454
Pobal	13,057,384	13,058,803
Neamhfheidhmiúil	1,311,287	1,311,287
	1,870,535,343	1,865,769,661
Obair ar Siúl agus Réamhchaiteachas	11,551,921	7,387,308
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	8,259,017	7,655,511
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	10,698,159	5,484,196
Infheistíochtaí Bainc	27,171,804	22,487,368
Airgead Tirim sa Bhanc	335,861	255,037
Airgead faoi Bhealach	252,871	156,058
	38,458,695	28,382,659
Dliteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	15,132,751	6,305,631
	15,132,751	6,305,631
Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)	23,325,944	22,077,028
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	29,004,119	29,021,716
Éarlaisí Inaisíoctha	942,375	960,875
Eile	1,458,294	1,356,124
	31,404,789	31,338,715
Glansócmhainní / (Dliteanais)	1,882,267,436	1,871,550,793
Arna Léiriú Ag		
Caipitliú	1,870,535,343	1,865,769,661
WIP Ioncaim	8,927,286	6,525,993
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	218,803	201,740
Iarmhéideanna Eile	2,586,004	(946,601)
Cúlchistí Iomlána	1,882,267,436	1,871,550,793

Caiteachas Buiséid Ioncaim



Caiteachas de réir an chláir

	2020 €	2020 %
Tithíocht agus Tógáil	6,691,896	9%
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	24,415,040	34%
Seirbhísí Uisce	6,428,128	9%
Bainistíocht Forbartha	15,501,800	22%
Seirbhísí Comhshaoil	6,288,708	9%
Caitheamh Aimsire agus Áiseanna	4,196,947	6%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	650,560	1%
Ilghnéitheach	7,167,250	10%
Iomlán	71,340,329	100%



Cad ar caitheamh airgead air

	2020 €	2020 %
Párolla	26,692,577	37%
Costais Fheidhmiúla	40,436,581	57%
Speansais Riaracháin	2,634,439	4%
Speansais Bunaithe	370,101	1%
Speansais Airgeadais	1,786,482	3%
Speansais Ilghnéitheacha	-579,851	-1%
Iomlán	71,340,329	100%

An aerial photograph of a suburban area. A multi-lane road runs diagonally from the bottom left towards the top right. To the left of the road is a large green field. To the right of the road, there are several houses, some with white walls and dark roofs, and some with colorful facades. There are also some commercial buildings and parking lots. The background shows more houses and trees.

AN STIÚRTHÓIREACTH UM BÓITHRE & IOMPAR, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, RIALÚ FOIRGNÍOCHTA AGUS ACMHAINNÍ AIRGEADAS

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht

Tá an tAonad Bóithre agus Iompair freagrach as cláir agus seirbhísí a chur i gcrích lena n-áirítear Bóithre Náisiúnta agus Neamh-Náisiúnta a Chothabháil agus Scéimeanna Feabhsaithe Bóithre; Cláir um Shábháilteacht ar na Bóithre; Oibreacha Cothabhála agus Feabhsaithe Droichead; Draenáil Artaireach a Chothabháil' Oibreacha Maolaithe Tuile; Reiligí; Ceadanna Ualaí Neamhghnácha; Bóithre Poiblí a Dhearbhu; Cearta Bealaigh a Chealú; Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla; Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail; Dúnadh Bóithre Sealadach; Láithreacha Stadanna Busanna a Cheadú; Teorainneacha Luais; Flít agus Innealra; Ceadúnais Oscailte Bóthair agus Páirceanna agus Conláistí.

Líonra Bóithre

Tá Comhairle Contae Ros Comáin freagrach as an líonra bóithre sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú. Bhí na hoibreacha seo a leanas i measc na n-oibreacha a rinneadh in 2020: tógáil agus cothabháil bóithre; athshlánú droichead; oibreacha draenála; bearta bainistithe sábháilteachta agus tráchta a chur i bhfeidhm, scéimeanna rannpháirtíochta pobail agus feabhsaithe áitiúla a chur i bhfeidhm; deisithe do chosáin agus soilsiú poiblí a sholáthar. Fuarthas maoiniú do na hoibreacha sin ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS), ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII), ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus ó acmhainní féin na Comhairle.

Tábla 1: Aicmiú agus Fad Bhóithre Ros Comáin

Aicmiú Bóthair	Fad (Méadair)
Mótarbhealach	20,220
Príomhbhóthar náisiúnta	83,792
Bóthar náisiúnta den Dara Grád	147,705
Réigiúnach	375,896
Bóithre Áitiúla	3,396,007
Iomlán do na Bóithre ar fad	4,023,320

Tábla 2: Leithdháiltí Maoinithe do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad Chontae Ros Comáin 2020

Foinse Maoinithe	Oibreacha	Maoiniú 2020
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS)	Atógáil agus Cothabháil Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Droichid, Oibreacha Draenála, Scéimeanna Sábháilteachta, Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail	€17,612,347
Bonneagar Iompair Éireann (TII)	Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád	€22,695,636
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP)	Scéimeanna Áitiúla Feabhsaithe na mBóithre nach Bóithre Poiblí iad	€355,100
Acmhainní Chomhairle Contae Ros Comáin féin	Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla / Soilsiú Poiblí	€2,049,600
Iomlán		€42,712,683

Tionscadail Bóithre Náisiúnta

Tá an **Tionscadal Bóithair ó Bhealach an Doirín go Scramóg** thart ar 34km ar fad agus síneann sé ó phointe ceangail thoir de Sheachbhóthar N5 Bhealach an Doirín go Scramóg agus téann sé timpeall ar Dhún Gar, ar Bhéal Átha na gCarr, ar Thuisce agus ar Bhéal na mBuillí. Tá an trasghearradh ar chaighdeán carrbhealaigh aonair de Chineál 1. D'fhaomh an Bord Pleanála an scéim agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) i Eanáir 2019. Rinneadh fógraí ordaithe ceannaigh éigeantaigh a sheirbheáil ar na daoine ar fad atá ainmnithe san ordú ceannaigh éigeantaigh agus tá idirbheartaíocht talún ar bun. Fuarthas seirbhísí luachála talún agus maoine agus seirbhísí dlí chun cuidiú le fáil talún. Fuarthas conarthaí éagsúla oibreacha roimh ré / cumasaithe agus seirbhísí faighte roimh an bpríomhchonradh lena n-áirítear seandálaíocht, suirbhé aiséiste, fálú, leagan crann agus baint fál sceach, suirbhéanna topagrafacha agus tá iniúchtaí geoiteicniúla críochnaithe faoi láthair. Leantar de ghairias BSL a chur ar atreo. Tá sainchomhairleoirí teicniúla ceaptha chun cuidiú leis an tionscadal a chur chun cinn trí na céimeanna tairisceana agus foirgníochta Chomh maith leis sin, ceapadh Maoirseoir Neamhspleách Tionscadail do Chéim na Tógála (PSCS) fad a mhairfidh na hoibreacha roimh ré / cumasaithe agus conarthaí seirbhísí. Cuireadh tús le haimsiú conraitheora chun an scéim a dhearadh agus a thógáil i Eanáir 2020 agus fuarthas tairiscintí i Nollaig 2020.

Is é atá i gceist le **Tionscadal N4 Chora Droma Rúisc go Dromad** réiteach iompair a sholáthar lena bhféadfadh trasnú droichid nua a chuimsiú ar an tSionainn chun an cúngú tráchtas suntasach a mhaolú ar an N4 trí Chora Droma Rúisc. Áirítear le méid an tionscadail cuid 20 km de phríomhbhealach náisiúnta N4 a shíneadh ó bhaile fearainn Dhroim hEatharlach i gContae Ros Comáin go baile fearainn na bhFálta i gContae Liatroma.

Radharc Soir ar Thionscadal Bóithair N60 críochnaithe.

Tá Comhaontú Alt 85 faoin Acht Rialtais Áitiúil i bhfeidhm idir Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae Liatroma. Faoin gComhaontú Alt 85 is í Comhairle Contae Liatroma an 'tÚdarás Príomhúil'. Cheap Comhairle Contae Liatroma Ove Arup & Partners Ireland Ltd. (Arup) chun an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 1 go 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail TII i Feabhra 2020.

Cuireadh Céim 1 (Coincheap agus Indéantacht) i gcrích i Iúil 2020 agus tar éis faomhadh a fháil ó TII, chuir Arup tús le Céim 2, Srianata agus Roghnú na Rogha.

Go dtí seo, fuarthas sonraí faoi thrácht agus tá réamhshonraí faoi iniúchadh talún á bhfáil faoi láthair chun an próiseas um roghnú rogha a threorú. Tá roghanna tosaigh maidir le bealaí á bhforbairt faoi láthair.

Is é atá i gceist le **Tionscadal Athailínithe Bhóthar Óráin N60** thart faoi 3.4km den Bhealach Náisiúnta N60 den Dara Grád a athailíniú, lena n-áirítear 1.7 km d'fhoirgníocht as líne agus 1.7 km de leathnú ar líne go caighdeán carrbhealaigh aonair Chineál 1. Tá cuid mhór den phróiseas fála talún curtha i gcrích agus socraíodh timpeall 95% de chásanna. Chuir Irish Archaeological Consultancy Ltd. tús le Conradh Réitithe Seandálaíochta Chéim (ii) - (iv) i Meán Fómhair 2017 agus chuir siad oibreacha láithreáin i gcrích in Aibreán 2018. Cuireadh tuairisciú Chéim (iv) den chonradh seirbhísí seandálaíochta i gcrích i Samhain 2020. Tar éis an dearadh mionsonraithe a chur i gcrích, lorgaíodh tairiscintí don phríomhchonradh tógála i Samhain 2018. Dámhaidh an conradh ina dhiaidh sin do Wills Bros. Ltd. an 9 Aibreán 2019 agus cuireadh tús le hoibreacha láithreáin in Aibreán 2019. Eisíodh an Deimhniú um Chríochnú Substaintiúil do Wills Bros. Ltd. i Meán Fómhair 2020, lena ndearnadh oibreacha an phríomhchonartha tógála dhúnadh lena áiríodh athrú ar an líonra bóithre áitiúla ag Comhal Dhún Iomáin. Leanann Roughan & O'Donovan, Innealtóirí Comhairleacha, chun an príomhchonradh tógála a riar thar ceann Chomhairle Contae Ros Comáin.



Mar chuid de **Tionscadal Bhóthar N61 ó Bhaile Uí Mhuirígh go dtí an Leithcheathrú (Cnoc an Chrochaire)**, déanfar thart faoi 14km de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád N61 a athailíniú agus a fheabhsú, a shíneann ón bhFearann Nua atá ó thuaidh ó Bhaile Uí Mhuirígh go dtí An Cilleachán agus An Gort, baile fearainn atá ó dheas ón Leithcheathrú. Sa tionscadal, beifear ag dul timpeall ar Shráidbhaile Chnoc an Chrochaire agus is dócha go ndéanfar líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Cathair na Mart/Béal an Átha a sheachaint nó go gcuirfear deighilt leibhéal i bhfeidhm uirthi. Bhí próiseas tairisceana ann agus ina dhiaidh ceapadh Comhghuaillíocht idir Innealtóirí Comhairleacha Roughan & O' Donovan – AECOM (ROD-A) in Eanáir 2019 leis an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 1 go 4 de na Treoracha Bainistíochta Tionscadal atá ag Bonneagar Iompair Éireann. Tá an tionscadal curtha chun cinn ag ROD-A trí chéimeanna na sriantaí agus roghnú na roghanna agus bhí an dara comhairliúchán poiblí maidir le Roghanna Bealaí Chéim 2 ar siúl i Samhain 2019. Leanadh leis an measúnú ar roghanna chonair an bhealaigh le linn 2020 agus faoi dheireadh sainathnódh Conair Bhealaigh C-3 mar an Chonair Bhealaigh is Dealraithe a Roghnófar. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin ar líne fíorúil an 14 Nollaig 2020 agus an chonair sin á cur i láthair in éineacht le faisnéis ábhartha eile faoin tionscadal don phobal ar an suíomh gréasáin tiomnaithe www.N61Roscommon.ie.

Is é a bhí i gceist le **Tionscadal Bhóthar Chéim 1 N61 Chúil Taidhg**, thart faoi 3km de chuid de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád ar imeall thuaidh Bhaile Ros Comáin a athailíniú agus a fheabhsú, den chuid is mó go caighdeán carrbhealaigh aonair de Chineál 1. Tá an próiseas faighte talún ar siúl faoi láthair de bhun an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Cuireadh oibreacha seandálaíochta allamuigh i gcrích i Samhain 2016 agus cuireadh tús le hullmhúchán mhonagraf an tionscadail lena sonraítear tochairt coimpléisc imfhálaithe ilmhúrach a bhí suite ag Raghannalach. Tá an príomhchonradh tógála arna chur i bhfeidhm ag Wills Bros. Ltd. curtha i gcrích.

Is tionscadal feabhsaithe bóthair náisiúnta beag é **Tionscadal Athailínithe Bhóthar N61 Thuilsce go Clais an Ghainimh** lena ndéantar iarracht chun tabhairt faoi chuid den N61 atá easnamhach go tromchúiseach idir sráidbhaile Thuilsce agus Clais an Ghainimh atá timpeall 4km ar fad. Go dtí seo cuireadh Céimeanna 1 agus 2 den tionscadal i gcrích agus tá Céim 3 (Dearadh & Measúnú Comhshaoil) ar siúl faoi láthair. Go ginearálta, leanann an Chonair Bhealaigh Roghnaithe an chonair bhealaigh reatha le feabhsuithe áitiúla agus seachnaíonn sí srianta seandálaíochta, geoiteicniúla agus hidreolaíochta suntasacha.

Tionscadail um Chosáin Bhóthair Náisiúnta

Le linn 2020, cuireadh oibreacha i gcrích ar Scéim Athchurtha Dromchla N5 Thuilsce, ar Fhorluí Cosáin N60 an Chaisleáin Riabhaigh Theas agus ar Scéim N5 ó Cheathrú an tSuasáin go Tuilsce. Cuireadh tús le hobair ar Fhorluí Cosáin N60 an Chaisleáin Riabhaigh (Céim 2) i Samhain 2020 agus tá sé sceidealaithe le críochnú in 2021.

Clár Oibreacha Bóithre - Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Cuireadh níos mó ná 400 tionscadal ar leith maidir le bóithre réigiúnacha agus áitiúla i gcrích i ngach réimse innealtóireachta faoi na 3 Scéim Oibreacha Bóithre de chuid an Cheantair Bhardasaigh 2020 agus fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó acmhainní féin na Comhairle.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Soláthraíodh leithdháileadh dar luach €358,650 faoi CIS ón RITS thar an tréimhse 2 bhliain 2019/2020. Ní mór don phobal 15% den chúnamh deontais ar a laghad a chur leis le haghaidh oibreacha incháilithe lena n-áirítear cothabháil ghinearálta, oibreacha draenála, oibreacha cosáin agus cosáin ar bhóithre poiblí.

An Scéim Feabhsaithe Áitiúil (LIS)

Oibríonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) an LIS le haghaidh bóithre áitiúla nach bóithre náisiúnta iad a fheabhsú. Rinne an RFTP an scéim tosaíochtaí do 27 mbóthar a fhaomhadh in 2020 le maoiniú deontais dar luach €349,691. Tá an ranníocaíocht áitiúil ina dlúthchuid den scéim. Mhol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ranníocaíocht de 10% do bhóithre incháilithe a raibh suas le 5 cónaitheoirí orthu, agus 15% dóibh siúd a raibh 6 cónaitheoirí nó níos mó orthu. Ag cruinniú Mheán Fómhair de Choiste Beartais Straitéisigh um Bóithre, Iompar agus Éigeandáil, aontaíodh chun an scéim a athoscailt. I Nollaig 2020, rinne an Chomhairle fógraíocht faoi léirithe spéise, faoi réir ag infhaighteacht maoinithe ón RFTP in 2021.

Scéim chun Cosáin a Dheisiú

Mar chuid de na Bearta Maolaithe Riosca, fuarthas maoiniú ó Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann. Tá lochtanna agus contúirtí á dtaifeadh i rith an ama agus tá cosáin lochtacha ar fud an chontae á ndeisiú ar bhonn leanúnach. Tá an Roinn Bóithre ag comhoibriú le soláthraithe fóntas chun seomraí faoi thalamh lochtacha etc a aimsiú.

In 2020, lean Comhairle Contae Ros Comáin chun conraitheoirí pábhála a fhostú chun codanna lochtacha de chosáin a athchur agus pábháil thadhlaigh a shuiteáil nuair ba ghá léi. Rinneadh na hoibreacha theorannú in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. Cuireadh oibreacha bunriachtanacha i gcrích, áfach, i mBealach an Doirín agus i mbaile Ros Comáin.

CFRAM (Clár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú)

Is é is cuspóir don *Chlár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú* (CFRAM) scéimeanna chun faoisimh tuile a shainaithint agus a dhearadh chun priacal tuile a mhaolú. Faoi gclár, rinneadh Baile Átha Luain, Ros Comáin, Áth Liag, An Caisleán Riabhach, Mainistir na Búille agus Corr an Tobair a mheas i ndáil le priacal tuile. Tá oibreacha á moladh sna bailte móra ar fad ach amháin An Caisleán Riabhach.

Ar thaobh Chontae na Iarmhí de Bhaile Átha Luain, tá oibreacha á dtógáil agus tá ceapadh sainchomhairleoirí á bhreithniú maidir le hoibreacha cosanta ar thuile ag an mBogán Fionn, Baile Átha Luain ar thaobh Chontae Ros Comáin.

Is í Comhairle Contae Liatroma an t-údarás i gceannas ar na hoibreacha beartaithe i gCora Droma Rúisc agus Corr an Tobair agus tá sainchomhairleoirí ceaptha le dearadh na n-oibreacha cosanta ar thuile a chur chun cinn. Cuireadh an staidéar ar shrianta i gcrích in 2020 agus tá iniúchtaí ar an talamh á gcur chun cinn.

Níor áiríodh Ros Comáin, Mainistir na Búille agus Áth Liag sa chéad sciar de na scéimeanna draenála a bhí á gcur chun cinn ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Reiligi

Oibreacha Caipitil sna Reiligi

Cuireadh Reilig Mhullach na Sí i gcrích go luath in 2020 agus cuireadh tús le hobair ar dhearadh chun Reilig Choill Bheaglaioich a shíneadh. Tá próiseas pleanála Chuid 8 de dhíth chun an fhorbairt a dheimhniú.

An Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligi

Leithdháileadh €35,000 don *Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligi* in 2020. Dámhadh deontais do 93 ghrúpa deonach faoin scéim.

Ceadanna le haghaidh Ualaí Neamhghnácha

Caithfidh oibreoirí a bhfuil feithicil nó ualach faoi stiúir acu a thiteann taobh amuigh de na teorainneacha atá ceadaithe ag na Rialacháin um thrácht ar bhóithre (Trealamh Tógála agus Úsáid Feithicil), 2003, cead a fháil don ghluaiseacht. Tá córas ceadanna á fheidhmiú ag Údaráis áitiúla le haghaidh ualaí neamhghnácha nuair atá coinníollacha maidir le meáchan, airde agus toisí i bhfeidhm ar achair ina n-iomláine nó i bpáirt a tharlaíonn ar bhealaí nach bhfuil clúdaithe ag scéim an Gharda Síochána. Eisíodh 93 chead le haghaidh ualaí neamhghnácha in 2020.

Ceadúnais chun Bóthar a Oscailt

Tá Ceadúnas chun Bóthar a Oscailt riachtanach do gach tochair a dhéantar i mbóthar poiblí nó cosán. Déantar gach iarratas ar an mbóthar poiblí a oscailt a chur isteach sa tairseach lárnach den Oifig um Bainistiú Bóithre (www.rmo.ie). Déanann an Roinn Bóithre na ceadúnais do Contae Ros Comáin a phróiseáil ón tairseach sin agus coinníollacha agus táillí a cheangal den cheadúnas. Cuireadh 375 iarratas nua isteach ar cheadúnas ar an iomlán chuig Comhairle Contae Ros Comáin in 2020.

Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre

Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal

In 2020, cuireadh 14 *Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta* i gcrích ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ar fud an chontae ó dheantas sonrach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de €321,906 do bhearta sábháilteachta ísealchostais. Fuair an Chomhairle maoiniú breise le haghaidh scéimeanna ar leith ar bhealaí náisiúnta.

An Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre

Seó Bóthair AXA um Shábháilteacht ar Bhóithre


Trí *Sheó Bóthair AXA um Shábháilteacht ar Bhóithre* gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Ros Comáin, leis an nGarda Síochána agus le Seirbhísí Éigeandála Áitiúla tugadh teachtaireacht ionraic maidir le sábháilteacht ar bhóithre do thimpeall 300 scoláire ag Ionad Ealaíon Ros Comáin an 26 Feabhra 2020. Thaispeáin an seó an méid a tharlaíonn de thairbhe easpa taithí agus rómhuinín tiománaithe agus an aidhm ann daoine óga a chur ar an eolas agus na scileanna sábháilteachta éagsúla a thabhairt chun suntais a theastaíonn uathu sula dtéann siad taobh thiar de roth stiúrtha gluaisteáin.

An Oifig Leathanbhanda

An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

An 19 Samhain 2019, shínigh an Rialtas an conradh Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI). Cuirfidh NBI an conradh i gcrích tríd an tír a mhiondealú ina Limistéir Imscartha, (DAnna). Chuir NBI tús le suirbhéanna tosaigh i gContae Ros Comáin in Aibreán 2020 agus rinne sé an dul chun cinn a leanas amhail Nollaig 2020:

- › Tá DA Bhéal Átha na Sluaighe á thógáil faoi láthair agus amlíne chríochnaithe de Ráithe 3, 2021;
- › Rinneadh suirbhé ar DA Ros Comáin agus rinneadh dearadh ina leith. Tosóidh sé an tógáil i Ráithe 1, 2021;
- › Rinneadh suirbhé ar DA Bhaile Átha Luain agus rinneadh dearadh ina leith. Tá sé beartaithe an tógáil a thosú i Ráithe 2, 2021;
- › Tá suirbhé DA an Chaisleáin Riabhaigh beartaithe le tosú i Ráithe 2, 2021 agus tá amlíne na tógála le deimhniú fós.
- › DA an Longfort - suirbhé críochnaithe, agus an dearadh le síniú.
- › DA Chora Droma Rúisc - suirbhé críochnaithe, agus an dearadh le síniú.



Tábla 3 Feidhmiú Céimneach Leathanbhanda Ardluais

Contae	Áitribh Iomlána	Áitribh Idirghabhála (Ómra) an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda	%	Áitribh Oibritheoirí Tráchtála (Gorm)	%
Ros Comáin	39,345	19,126	49%	20,219	51%

Seachadfar leathanbhanda ardluais do gach áitreabh in Éirinn trí chomhcheangal d'infheistíocht thráchtála agus stáit. I dTábla 3 cuirtear forléargas ar fáil ar líon iomlán na n-áitreabh in aghaidh an chontae atá sa limistéar tráchtála (GORM) agus i limistéar idirghabhála an Stáit (ÓMRA).

Feidhmiú Céimneach OpenEir

Tá an feidhmiú céimneach 300k dá chuid curtha i gcrích ag OpenEir i gContae Ros Comáin, agus 5,746 áitreabh bainte amach aige. Áirítear leis sin 434 fhoirgneamh breise. Tá clár infheistíochta um líonra seasta á fheidhmiú go céimneach ag OpenEir sna bailte níos mó i Contae Ros Comáin. Tá Mainistir na Búille, Corr an Tobair agus an Caisleán Riabhach críochnaithe. Tá Ros Comáin críochnaithe 60% agus tá críochnú iomlán beartaithe do Mheitheamh 2021. Beidh gach baile a chlúdófar in ann Leathanbhanda Gb (Gigighiotán) a fháil.

Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCPanna)


Is ionaid phobail agus scoileanna iad go príomha BCPanna sa limistéar ómra, áit a gcuirfear leathanbhanda ardluais ar fáil don phobal laistigh den chéad bhliain d'fheidhmiú céimneach an *Phlean Náisiúnta Leathanbhanda*.

Tá BCPanna Ros Comáin suite ag Tamhnaigh an tSeascainn, Gort an Ghainimh, Cam, an Daingean, Droim Baolláin, an Chraobh, Cill Tuama agus ag Mol Digiteach Thuilsce. Bainfidh roinnt scoileanna tairbhe as leathanbhanda ardluais freisin.

Tá 7 gcinn as 8 suíomh curtha ar bun agus an bonneagar riachtanach acu agus tá siad nasctha le leathanbhanda ardluais. Tá WiFi inmheánach agus seachtrach ag na suíomhanna ionas gur féidir leis an bpobal leathanbhanda ardluais a rochtain sa charrchlós. Bhain mic léinn agus cianoibrithe úsáid as suíomhanna áirithe.

Agus iad maoinithe trí dhá *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte Luathaithe*, dar luach iomlán €49,284, tá deasca oifige, cathaoirí, cláir bhána idirghníomhacha, printéirí, scáileáin deisce scartha shóisialta agus comharthaíocht na BCPanna anois. Beidh an seoladh ar siúl go luath in 2021.

Mol Digiteach Thuilsce: Fuarthas maoiniú faoin gCiste Forbraíochta Tuaithe agus Réigiúnaí mar chuid de scéim chomhpháirteach faoi cheannas Choimisiún Forbraíochta an Iarthair, agus é ag obair



Baill Chumann Forbartha Eachroma - Chill Mhór ag Ionad Pobail an Daingin.



Scáileán digiteach idirghníomhach ar fáil do láithreoirí, oiliúint agus comhdhálacha.

chun *Digiwest* - Líonra Réigiún an Iarthair de Mhoil Dhigiteacha Oibre na Tuaithe - a chruthú. Tá Mol Digiteach Thuilsce críochnaithe anois agus trealamh agus troscán suiteáilte ann do suas le 20 custaiméir. Tá leathanbhanda ardluais nasctha anois agus bhain cianoibrithe úsáid as. Tá córas áirithe ar líne agus seoladh beartaithe do thús 2021.

WIFI4EU: D'éirigh le Ros Comáin faomhadh a bhaint amach le haghaidh 4 dhearbhan dar luach €15,000 faoin tionscnamh *WiFi4EU*, agus thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cómhaoiniú. Úsáidfear na dearbháin chun trealamh WiFi a shuiteáil i spásanna poiblí éagsúla ar fud an chontae. Cuireadh an conradh ar thairiscint agus tarlóidh an tsuiteáil in 2021.

Straitéis Dhigiteach

Cuirfear *Straitéis Dhigiteach* i gcrích in 2021 agus na riachtanais á dtabhairt san áireamh maidir le cianobair agus seirbhísí digiteacha breise arna dtabhairt chun suntais ag paidéim Covid-19.

Sláinte agus Sábháilteacht

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin chun forálacha *Chórais Bainistíochta Sábháilteachta* na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm. Cuirfear an feidhmiú sin i gcrích tríd an athbhreithniú leanúnach ar chórais reatha, trí chlár iniúchta dian ar shláinte agus ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm agus tríd an gclár oibre a thabhairt chun críche. Déanfar cumarsáid agus comhairliúchán le fhostaithe agus cuirfear oiliúint um shláinte agus sábháilteacht ar fhostaithe de réir mar is gá. Tabharfar tacaíocht d'fhostaithe chun córais shlána oibre a chur i bhfeidhm. Leanfar le hidirchaidreamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), le hUisce Éireann agus le páirtithe leasmhara eile de réir mar is iomchuí.

Éilíonn an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ar fhostóirí, a mbainistíocht ionadaíoch agus a bhfostaithe chomh maith an tsláinte agus an tsábháilteacht a mheas mar chomhfhreagracht.

Cuimsíodh na nithe a leanas le clár oibre 2020:

- › Monatóireacht leanúnach ar an *gCóras Bainistíochta Sábháilteachta* ag na hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta trí iniúchtaí leanúnacha ar na hoibreacha a rinneadh trí shaothar díreach agus trí iniúchtaí ag cliaint;
- › Deimhniú ISO45001 (Córas Bainistíochta Sábháilteachta foirmiúil) bronnata mar gheall ar an tSeirbhís Dóiteáin;
- › Forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid sláinte agus sábháilteachta atá ag an gComhairle cheana féin agus beartais um shláinte agus sábháilteacht san áireamh;
- › Clár Sláinte Ceirde, Leasa agus Folláine Ball Foirne a fhorbairt agus a chur i gcrích;
- › Freastal ar chruinnithe réigiúnacha agus náisiúnta sláinte agus sábháilteachta;
- › Comhoibriú ar bhonn leantach le comhlachtaí seachtracha amhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Uisce Éireann;
- › Monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta rialaithe do chonraitheoirí atá ann cheana;
- › Feabhsú leanúnach ar phróiseas cumarsáide agus comhoibrithe na Comhairle e.g. cruinnithe den Choiste Bainistíochta Sábháilteachta, cruinnithe le Comhordaitheoir an Cheantair Bhardasaigh agus idirchaidreamh le hionadaithe sábháilteachta;
- › Forbairt a dhéanamh ar bhonn leantach ar Chláir Oiliúna le haghaidh Láimhsiú Sábháilte agus Ionduchtú Sláinte agus Sábháilteachta;
- › Nósanna imeachta agus beartais Covid-19 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- › Comhlíonadh ar bhonn leantach an dualgais reachtúil le haghaidh iniúchtaí tríú páirtí ar threalamh tógála agus trealamh oibre de chuid na Comhairle.

Seirbhísí Éigeandála

An tSeirbhís Dóiteáin, Bainistíocht Éigeandálaí agus Cosaint Shibhialta



Seirbhísí Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandálaí

Bainistíonn Comhairle Contae Ros Comáin seachadadh seirbhíse dóiteáin agus tarrthála 24 uair a chloig do Chontae Ros Comáin. Soláthraíonn sí raon de sheirbhísí sábháilteachta dóiteáin, forfheidhmithe agus éigeandála freisin.

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

Soláthraítear oibríochtaí na seirbhíse dóiteáin trí Chóras um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde OHSAS 18001:2007 creidiúnaithe ag NSAI.

Cuireadh aonaid briogáide dóiteáin ina bhfostaítear 45 chomhraiceoir dóiteáin coimeádta páirtaimseartha ó Bhaile Ros Comáin, ó Bhealach an Doirín, ó Mhainistir na Búille, ó Ail Finn agus ó Bhéal na mBuillí ar a n-airdeall 289 n-uaire le linn 2020. Cuireadh briogáidí ó Bhéal Átha na Sluaighe agus ó Bhaile Átha Luain ar a n-airdeall 70 uair maidir le teagmhais i Ros Comáin Theas. Sa bhreis air sin, d'fhreastail aonaid briogáide dóiteáin ón gCreagán, Clár Chlainne Mhuiris, Béal Átha hAmhnais, Charlestown, Droim Seanbhó, Cora Droma Rúisc agus Béal Átha Liag ar theagmhais éigeandála i gContae Ros Comáin in 2020.

Gníomhaíocht Sábháilteachta Dóiteáin Pobail agus Fiontraíochta

Rinneadh iniúchtaí um shábháilteacht dóiteáin ar raon áitreabh lenar áiríodh áitribh cheadúnaithe, saoráidí cúraim chónaithe, réamhscoileanna, ionaid phobail, stáisiúin pheitрил agus fiontair thráchtála eile.

Déileáladh le hatreoruithe pleanála le haghaidh forbairtí tráchtála, clárú siopaí arm tine agus pléascán agus ceadúnais Rialachán Substaintí Contúirteacha (siopaí peitрил) chom maith.

Ceadúnú Tráchtála agus Pobail Áiteanna Siamsaíochta

Déantar foráil le haghaidh fógra iarratas ar cheadúnas nó ar dheimhnithe clárúcháin faoi reachtaíocht um sheirbhísí dóiteáin agus ceadúnú. San iomlán, fuair Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin 33 iarratas ar cheadúnú in 2020. Éilítear uirthi tuairiscí sábháilteachta dóiteáin a sholáthar tar éis iniúchtaí le haghaidh iarratas ar cheadúnas na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche le haghaidh áitribh siamsaíochta poiblí.

Bainistíocht Éigeandálaí

Éascaíonn an tAonad Dóiteáin agus Cosanta Sibhialta ullmhú an *Phlean um Móréigeandálaí* agus an fhreagracht ghaolmhar ó Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhar le gníomhaireachtaí freagartha eile (an Garda Síochána agus Seirbhís Otharcharranna FSS).

Bhí Comhairle Contae Ros Comáin i gceannas ar chomhordú Ghrúpa Bainistíochta Éigeandálaí (MEM) Réigiún an Iarthair ar fhreagairt an FSS, an Gharda Síochána agus Chomhairlí Contae Ros Comáin, Mhaigh Eo agus Chathair & Chontae na Gaillimhe maidir le géarchéim Covid-19.

Cosaint Shibhialta

I *bPlean um Fhorbairt na Cosanta Sibhialta 2017-2019* Ros Comáin leagtar amach cuspóirí straitéiseacha Chomhairle Contae Ros Comáin maidir le Cosaint Shibhialta. Sainithnítear sa phlean cláir agus gníomhaíochtaí éagsúla an Aonaid Seirbhísí Cosanta Sibhialta agus an dóigh a leanfaidh a shaorálaithe le tacú le pobail agus eagraíochtaí i Ros Comáin.

Trí infhaighteacht oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta ardoilte chun tacaíocht leighis a sholáthar bhíodhas in ann imeachtaí spóirt agus pobail a chur ar siúl le linn 2020. Lean siad chomh maith le patróil sheachtainiúla uiscebhealaí a sholáthar chomh maith le cuidiú maidir le líon teagmhas bádóireachta atá ag méadú i gcónaí ar an tSionainn.

Bhí oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta bainteach go gníomhach le tacaíocht a thabhairt don fhreagairt ar Covid-19 trí shamplaí tástála a iompar don FSS agus trí chuidiú le clinici Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus aistriú othar a éascú le haghaidh faoisimh agus coinní cóireála.

Rialú Foirgníochta

Is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta reachtúil do Chontae Ros Comáin agus déanann sí an Córas Rialaithe Foirgníochta a riar.

Déantar foráil sna Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta (BCRanna) 1997 - 2015 i leith cúrsaí nós imeachta, riaracháin agus rialaithe chun chur chun feidhme cheanglais na Rialachán Rialaithe Foirgníochta agus a gcomhlíonadh a chinntiú. Tá feidhm ag na Rialacháin sin go ginearálta maidir le foirgnimh úra agus foirgnimh atá ann cheana lena gcuirtear síneadh, ar a ndéantar athrú ábhartha nó a ndéantar athrú ábhartha ar a n-úsáid.

Fógraí um Thosach Feidhme

In 2020, phríoiseáil an tAonad Rialaithe Foirgníochta 169 Fógra um Thosach Feidhme le haghaidh 216 fhoirgneamh úra. Cuirtear na Fógraí um Thosach Feidhme sin isteach i 4 chineál éagsúla (ag brath ar na hoibreacha) agus is iad sin:

- Fógraí um Thosach Feidhme um Rogha an Diúltaithe;
- Fógraí um Thosach Feidhme le Doiciméid;
- Fógraí um Thosach Feidhme Gearrfhoirme, agus
- Fógra 7 Lá.

Tá leibhéal na dtithe cónaithe aonuaire a ghlac 'rogha an diúltaithe' maidir leis an deis Deimhniú um Chomhlíonadh ar Chur i gCrích a chlárú leis an Údarás Rialaithe Foirgníochta fós ard ag 91 (54% de gach fógra um thosach feidhme).

Deimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin

Mar Údarás Rialaithe Foirgníochta, phríoiseáil Comhairle Contae Ros Comáin 38 n-iarratas úra ar Dheimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin faoi reachtaíocht um rialú foirgníochta le linn 2020, laghdú 25% ar fhigiúirí 2019.



Iniúchadh ar Shuíomhanna maidir le Comhlíonadh Rialaithe Foirgníochta.

Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is ionann Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus teastas a dheonaíonn an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta lena ndeimhnítear comhlíonadh deartha oibreacha áirithe [e.g. foirgnimh úra (seachas tithe cónaithe), roinnt síntí ar fhoirgnimh agus roinnt athruithe ábhartha ar fhoirgnimh (seachas tithe cónaithe)] maidir le ceanglais Chuid M de na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta.

Teastaíonn Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas i ndáil le hoibreacha forordaithe áirithe ar fhoirgnimh seachas áiteanna cónaithe (ach foirgnimh árasán san áireamh), a mhéid is atá feidhm ag ceanglais Chuid M agus a gcuirtear dtús leo nó a bheidh ar siúl ar an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin. I gcás go dteastaíonn Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin le haghaidh oibreacha ar bith, teastóidh Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas chomh maith.

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 24 iarratas ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas le linn 2020, laghdú 25% i gcomparáid le 2019.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin Eile

Chomh maith le feidhm reachtúil Chomhairle Contae Ros Comáin faoi reachtaíocht um Rialú Foirgníochta, is í an Chomhairle an t-údarás forfheidhmiúcháin ainmnithe chomh maith chun críche comhlíonadh a chinntiú maidir le reachtaíocht eile faoi mar a leanas:

- Táirgí Foirgníochta a mhargú i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) 2013 (I.R. Uimh. 225 de 2013); Aguisín I;
- Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh le haghaidh foirgneamh ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (I.R. Uimh. 243 de 2012); Aguisín II;
- Clárú foirgneamh ilstórach chun chríocha an Achta Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóracha) 1988

Digitíú

D'aistrigh Aonad Rialaithe Foirgníocht Chomhairle Contae Ros Comáin go rathúil ó sheirbhís thraidisiúnta um iarratais bunaithe ar pháipéar go hardán 100% gan pháipéar le linn 2020 maidir le Fógraí um Thosach Feidhme, Sábháilteacht Dóiteáin agus iniúchtaí Rialaithe Foirgníochta.

Acmhainní Daonna


Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna (HR) cultúr chun cinn ina dtugtar tús áite do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí sna bealaí seo a leanas: pleanáil fórsa saothair; earcú agus roghnú ball foirne, oiliúint agus forbairt, bainistiú feidhmíochta; forbairt ar cheannasaíoch; leas na mball foirne, beartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a aontaíodh a fhorbairt agus a sholáthar, timpeallacht chobhsaí caidrimh thionsclaíoch a choimeád agus timpeallacht oibre chóir, chomhairleach agus thacúil a chruthú.

Pleanáil Fórsa Saothair

Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin gurb iad na fostaithe an acmhainn is luachmhara atá ann taobh istigh den eagraíocht. Tá ról thar a bheith tábhachtach acu cuspóirí corparáideacha agus gnó na comhairle a bhaint amach agus tá siad riachtanach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm. Déanann an Roinn Acmhainní Daonna an lucht saothar a lonnú, a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn dul i ngleic leis na dúshlán a bhaineann le timpeallacht athraitheach oibre agus le seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil don phobal. In 2020, bhí an dúshlán roimh an Roinn Acmhainní Daonna chun leanúint lena cuid seirbhís a sholáthar le linn phaindéim Covid-19 agus bhí sé riachtanach don Roinn bealaí nua a aimsiú chun a chinntiú gur comhlíonadh riachtanais na foirne agus na gcustaiméirí araon. Cuireadh an próiseas earcaíochta ar líne in iomláine le linn na bliana agus rinneadh gach agallamh go cianda, agus mar thoradh air sin ní raibh moill ar bith ar phoist bhunriachtanacha a líonadh. Bhí 465 dhuine ar an iomlán fostaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin amhail an 31 Nollaig 2020.

Bainistiú Feidhmíochta

Tá Plean Corparáideach na Comhairle mar bhunchloch ag *Córas Comhtháite Bainistithe Feidhmíochta na Comhairle*. Tá an *Plean Corparáideach* mar bhunchloch nuair atá *Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí*, *Pleananna Aonaid* agus *Pleananna Feidhmíochta Aonair á gcruthú*. Déanann na pleananna sin cuspóirí, spriocanna agus tréimhsí a chur ar bun lena chinntiú go gcuirfidh gach fostaí san eagraíocht le seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil don phobal.



Oiliúint agus Forbairt na mBall Foirne

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'oiliúint agus forbairt na mball foirne, a bhaintear amach i mbealaí éagsúla, ar nós réimse deiseanna oiliúna agus forbartha, cláir forbartha ceannasaíochta agus deiseanna breisoideachais le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-eolas, an oilteacht, na hinniúlachtaí agus scileanna ag fostaithe le cuspóirí agus aidhmeanna na Comhairle a bhaint amach. Rinne an Roinn Acmhainní Daonna clár cuimsitheach agus cothrom oiliúna agus forbartha a sholáthar le linn 2020.

Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020

Cuireann *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí* le Comhaontú Bhóthar Lansdún, agus déantar pá agus ábhair ghaolmhara a rialú ann (an 'tobhach pinsin' nach bhfuil ann níos mó san áireamh). Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018 agus bhí sé i bhfeidhm go dtí an 31 Eanáir 2020.

Is príomhthosaíocht don Rialtais athchóiriú na seirbhíse poiblí. Tá an síorathrú thar a bheith tábhachtach d'fhonn a chinntiú go féidir leis an tseirbhís phoiblí dul in oiriúint chun dul i ngleic le timpeallacht atá ag athrú go sciobtha. Sa chéad chéim eile seo d'athchóiriú na seirbhíse poiblí, díreofar ar chinnte a dhéanamh de go ndéanfar straitéisí agus beartais a cheapadh i mbealaí atá láidir, réamhbhreathnaitheach agus comhtháite. Ós rud é go n-aithnítear gur lenár bhfoireann féin a chuirtear tús le seirbhís phoiblí a bhfuil rath uirthi, féachfaidh an leasú le forbairt a dhéanamh ar bhfoireann taobh istigh d'eagraíochtaí níos láidre. Cuirfear béim láidir ar thorthaí a fheabhsú do shaoránaigh, ar chaidreamh le custaiméirí a fheabhsú agus feabhsófar inrochtaineacht ar sheirbhísí agus caighdeán seirbhísí. Déanfar modhanna oibre nua i leith seirbhísí a dhaingniú chomh maith le húsáid níos fearr a bhaint as na sonraí atá againn d'fhonn tacú le seirbhísí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de a sholáthar. Déanfar scileanna meastóireachta i gcás polasaithe a cheapadh a láidriú agus tabharfar tacaíocht don luach ar airgead nuair a dhéanfar cinntithe caiteachais.



Caidreamh Tionsclaíoch

Oibríonn an Roinn Acmhainní Daonna le ceardchumann agus le hionadaithe na mball foirne chun caidreamh dearfach le fostaithe a bhaint amach agus a choimeád agus tá an Roinn tiomanta do thimpeallacht caidrimh oibre mhaith a chur chun cinn.

Bainistiú Tinrimh

Tá *Polasaí Bainistithe Tinrimh* na Comhairle ina chuidiú ó thaobh timpeallacht oibre a chur ar fáil de a spreagann tinreamh na bhfostaithe agus a bhaineann sin amach ag an leibhéal is airde. Is é is aidhm don pholasaí sin neamhláithreacha a laghdú agus is é an toradh a bhíonn air soláthar feabhsaithe seirbhísí agus costais níos ísle. Cailleadh 3.33% de laethanta oibre in 2020 mar gheall ar thinneas nó neamhláithreachas.

Bearta Gníomhachtaithe an Fhórsa Saothair

Rinne an Chomhairle an bealach a réiteach do bheirt chéimí mar chuid den chlár *Clár Earcaíochta Céimithe* sna réimsí a leanas: Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht & Gnó agus Cumarsáid & Margaíocht san Oifig Fiontair Áitiúil. Is é is aidhm don chlár go ndéanfaidh an bheirt chéimíthe na scileanna agus inniúlachtaí atá acu a fheabhsú faoi dheireadh an chláir sna réimsí saineolais atá roghnaithe acu.



AN STIÚRTHÓIREACHT UM
THURASÓIREACHT, POBAL &
FIONTAR, TIONSCADAIL SPEISIALTA
& ATHGHINIÚINT, NA HEALAÍONA
AGUS LEABHARLANNA

Turasóireacht

Bhí tionchar ollmhór ag paindéim Covid-19 ar earnáil na turasóireachta in 2020. Lean Turasóireacht Ros Comáin, áfach, chun obair a dhéanamh le gnó na turasóireachta chun an contae a chur i láthair mar cheann scríbe turasóireachta



Margaíocht agus na Meáin

D'fhreastail Turasóireacht Ros Comáin ar mhóraonach trádála Holiday World Show chun Contae Ros Comáin a thaispeáint. Cuireadh fógraí eagarthóireachta san iris *Go West*, sa *Roscommon Herald* agus in iris *Ireland of the Welcomes* sna SAM. Lean Turasóireacht Ros Comáin chun a suíomh gréasáin agus na hardáin meán sóisialta ghaolmhara a chothabháil le linn 2020.

Leabhar Siúlóidí Ros Comáin

Foilsíodh an dara heagrán de *Roscommon Walks & Cycleways* in éineacht le fiseán chun 5 chonair laistigh den chontae a thabhairt chun suntais.



Seoladh an Leabhair Roscommon Walks & Cycleways
Sinead O'Brien (Éire Shláintiúil); an Comhairleoir Laurence Fallon (Cathaoirleach, Comhairle Contae Ros Comáin); Claudette Collins (Turasóireacht, Comhairle Contae Ros Comáin); Ciara Keogh; Alan Collins agus Rían Dowd.

Líonrú Turasóireachta

2 Tionóladh Imeachtaí Líonraithe Contae do Thrádáil na Turasóireachta go luath in 2020 nuair a fuair páirtithe leasmhara nuashonrú maidir le forbairt agus seirbhísí turasóireachta atá ar fail ón Oifig Fiontair Áitiúil.

An Scéim Féilte agus Imeachtaí

Faomhadh líon iomlán de 50 iarratas. Mar gheall ar shrianta Covid-19, áfach, níor cuireadh ach líon beag imeachtaí ar siúl.

Croíthailte Ceilte na hÉireann

Tionóladh cruinnithe le haghaidh na 3 chrios de Chroíthailte Ceilte na hÉireann (An tSionainn Uachtair, Láir agus Íochtair) in 2020. Mar fhreagairt ar ghéarchéim Covid-19 agus a tionchar ar thionscal na turasóireachta, bhunaigh Chroíthailte Ceilte na hÉireann *Tascfhórsa um Théarnamh Cinn Scríbe* do gach ceann de na 3 chrios. Cuirfear an *Tionscadal Comharthaíochta um Theorainn an Chontae* le haghaidh Chroíthailte Ceilte na hÉireann i gcrích in 2021.

Forbairt Idirghníomhaireachta

Lean Comhairle Contae Ros Comáin lena tiomantas in 2020 chun tionscadail idirghníomhaireachta a fhorbairt lena áiríodh EOECA Loch Rí, Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Coillte.

Ionad Léirmhínitheach Dhúghlas de hÍde agus Teach King

Osclaíodh na taitneamhachtaí do thréimhse theoranta amháin in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19.

Maoiniú

Deonaíodh maoiniú deontais do Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhair na dtionscadal seo a leanas in 2020:

Scéim	Láthair	Méid
Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (Beart 1)	4 thionscadal	€59,846.00
Aisíocaíocht Cánach Carbóin - Indéantacht Glasbhealaigh	Baile Átha Luain go Tearmainn Bearaigh	€100,000.00
Bailte Cinn Scríbe - Fáilte Éireann	Mainistir na Búille	€470,715.00

Pobal agus Fiontraíocht

Soláthraíonn an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta tacaíocht do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chontae Ros Comáin. Stiúran sí rannpháirtíocht Chomhairle Contae Ros Comáin chomh maith i tdionscnaimh phobail, sna healaíona, agus san oidhreacht ar fud an chontae agus spreagann sí na tionscnaimh sin.

Comhchoiste Póilíneachta (CP)

Ba bhliain thoghcháin í 2019 do na húdaráis áitiúla, agus mar thoradh air sin rinneadh na coistí uile a bunaíodh faoi údaráis áitiúla a athbhunú. Áiríodh leo sin an JPC (Comhchoiste Póilíneachta) agus rinneadh athrú ar chomhaltaí údaráis áitiúil do shaolré na Comhairle mar aon le ceapachán Cathaoirleach nua. Tá 25 bhall ar JPC Ros Comáin atá comhdhéanta de 13 chomhaltaí na Comhairle, 2 chomhaltaí ón Oireachtas, 6 bhall ón earnáil phoiblí, 2 ionadaithe ón nGarda Síochána agus 2 oifigigh údaráis áitiúil. Mar gheall ar thionchar Covid-19 moillíodh an próiseas le haghaidh JPC nua a bhunú agus mar thoradh ar sin ní raibh cruinniú ar bith ar siúl in 2020.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Is é PPN Ros Comáin an t-aon nasc trína nascann an t-údarás áitiúil leis na hearnálacha pobail, ionchuimsithe shóisialta agus comhshaoil gan dochar do na próisis chomhairliúcháin eile. Is é is aidhm leis na struchtúir agus leis na próisis dá cuid an pobal agus eagraíochtaí a éascú agus a chur ar a gcumas dearthaí agus leasanna éagsúla a chur in iúl laistigh den chóras rialtais áitiúil. Tá ionadaíocht ag an PPN ar Choistí LCDC, JPC agus Beartais Straitéisigh.

Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí 2020

Leithdháileadh €60,000 ar an iomlán ar an *Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí* in 2020 Dámhadh deontais idir €500 agus €1,500 do 89 dtionscadal.

Sa bhreis ar an maoiniú thuas, fuair gach faighteoir rathúil de deontas taitneamhachta in 2020 maoiniú breise nuair a rinne comhaltaí na Comhairle timpeall €27,000 óna mbuiséad oiliúna do 2020 a athdháileadh ar ghrúpaí i gContae Ros Comáin mar aitheantas dá n-obair chrua agus dá dtiomantas do na pobail dá gcuid le linn phaindéim Covid-19.



Coiste Bhailte Slachtmhara Chill Taobháin a bhí sa Dara hÁit ina chatagóir "Áit Chruthaitheach" ag Searmanas Fíorúil Dhuaiseanna Mórtas Cheantair 2020 de chuid IDB i gcomhar le Comhoibriú Éireann.



Sáirimreoirí Peile na Bliana Ghaeil CLG Ros Comáin a fuair an Dara hÁit sa chatagóir "Tionscnamh Pobail arna Threorú ag an Óige" ag Searmanas Fíorúil Dhuaiseanna Mórtas Cheantair 2020 de chuid IDB i gcomhar le Comhoibriú Éireann.

Comórtas Mórtas Cheantair 2020

D'ainmnigh Comhairle Contae Ros Comáin trí Ghrúpa Pobail do *Chomórtas Uile-Oileáin Mórtas Ceantair 2020* Ba iad na grúpaí a rinne ionadaíocht thar ceann Chontae Ros Comáin ná Bothán na bhFear de chuid Bhealach an Doirín, Coiste Bhailte Slachtmhara Chill Taobháin agus Sáirimreoirí Peile na Bliana CLG Ghaeil Ros Comáin. Fógraíodh torthaí an chomórtais ag searmanas fíorúil duaiseanna a bhí ar siúl an 21 Samhain 2020. Bronnadh duais na dara háite ar Sháirimreoirí Peile na Bliana CLG Ghaeil Ros Comáin agus ar Coiste Bhailte Slachtmhara Chill Taobháin sna catagóirí faoi seach dá gcuid.

Clár Feabhsúcháin Phobail

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a mhaoiniú an *Clár Feabhsúcháin Phobail* (CEP) agus iad na LCDCan na nach ceantar údarais áitiúil a dhéanann é a riar. I Meitheamh 2020, leithdháileadh €55,997 ar Chomhairle Contae Ros Comáin agus fuarthas 96 iarratas. Dhámh LCDC Ros Comáin maoiniú do 27 ngrúpa pobail.

Ciste Chlár Feabhsúcháin Phobail 2020 d'Ionaid Phobail le haghaidh Ionaid Phobail agus Foirgnimh Phobail

Faoi phacáiste spreagthaí Iúil 2020, d'fhógair Joe O'Brien TD, Aire Stáit um Fhorbairt Phobail agus Carthanais ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail sonraí faoi mhaoiniú €5m le haghaidh ionaid agus saoráidí phobail. Rinneadh an maoiniú sin a riar faoin *CEP*. Bhí sé dírithe ar bhearta lena ndéantar iarracht geilleagair áitiúla a spreagadh agus saoráidí á bhfeabhsú i limistéir faoi mhíbhuntáiste ag an am céanna. Leithdháileadh €113,318 ar Chomhairle Contae Ros Comáin agus fuarthas 39 n-iarratas. Dhámh LCDC Ros Comáin maoiniú do 22 ngrúpa pobail.

Fóram Freagartha Pobail Ros Comáin

Mar chuid de fhreagairt an Rialtais do ghéarchéim Covid-19, tháinig Comhairle Contae Ros Comáin, i gcomhpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus le heagraíochtaí pobail agus deonacha, le chéile chun an *Fóram Freagartha Pobail* a chruthú chun comhordú tacaíochtaí agus athléimneachta pobail i dtaca le Covid-19 a threorú. Tríd an bhfóram cinntítear go seachadtar tacaíochtaí agus cúnamh cúraim shóisialta spriocdhírthe do ghrúpaí agus do dhaoine leochaileacha i gContae Ros Comáin. Tháinig an fóram le chéile 19 n-uaire in 2020 agus leanfaidh sé le teacht le chéile go rialta chun saincheisteanna a phlé agus a réiteach.

Líne Chabhrach um Fhreagairt Tacaíochta Pobail

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin, i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus le Cuideachta Leader Ros Comáin, líne chabhrach shaorghlao 24/7 um fhreagairt tacaíochta pobail chun cuidiú le tacaíochtaí agus cúnamh cúraim shóisialta spriocdhírthe a sholáthar do ghrúpaí agus do dhaoine leochaileacha le linn phaindéim Covid-19. Pléadh go rathúil le 4,744 ghlao ar an líne chabhrach in 2020.

Ciste Éigeandála Covid-19

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a leithdháil an *Ciste Éigeandála Covid-19* trí gach údarás áitiúil d'fhonn eagraíochtaí pobail agus deonacha a mhaoiniú atá ag freagairt do ghéarchéim Covid-19. Leithdháileadh méid iomlán de €106,692 do Chomhairle Contae Ros Comáin.

Foirne Bhailte Chontae Ros Comáin

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin an tionscnamh *Foirne Bailte* mar chuid den ról méadaithe nua d'údarais áitiúla i réimsí amhail forbairt phobail, eacnamaíoch agus fiontraíochta, de réir mar a bhí réamh-mheasta faoi *Straitéis Earnála Rialtais Áitiúil chun Tacú le Téarnamh Eacnamaíoch agus le Poist* (2012), faoin gClár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach (Tús Áite do Dhaoine) (2012) agus faoin Acht Rialtais Áitiúil 2014. Mar thoradh air sin leathnaíodh ról na n-údarais áitiúil lasmuigh dá sainchúram traidisiúnta chun díriú ar réimsí amhail forbairt agus cur chun cinn pobail agus eacnamaíoch.

Tá *Foirne Bailte* comhdhéanta d'ionadaithe ó earnálacha éagsúla an phobail agus oibríonn siad le miondíoltóirí, le gnólachtaí áitiúla, leis an earnáil phobail/dheonach, le príomhghníomhaireachtaí agus le soláthraithe seirbhísí chun tionscnaimh nuálacha nua a fhorbairt d'fhonn na bailte dá gcuid a athnuachan.

Tugann Comhairle Contae Ros Comáin tacaíocht airgeadais do chlár Foirne Bailte ar bhonn bliantúil agus tá cead ag foirne maoiniú eile a chuardach agus a fhoinsiú. Caithfear na cistí uile ar fhás agus ar rathúnas a mhéadú laistigh de cheantar gach foirne.

Clár Leader 2014-2020

Tá Clár LEADER 2014-2020 maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020 agus ag an AE faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Infheistíocht na hEorpa i Limistéir Tuaithe. Trí LEADER tacaítear le fiontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail a fheabhsaíonn cailíocht na beatha agus gníomhaíocht eacnamaíoch i limistéir tuaithe. Tiocfaidh Clár Idirlinne LEADER i bhfeidhm an 1 Aibreán 2021. Líonfaidh sé an bearna idir críochnú Chlár LEADER 2014-2020 reatha agus tosú an chéad chlár AE eile.

CLÁR 2020

Leithdháileadh €309,144 ar an iomlán ar 8 scoil agus bpobal faoi CHLÁR 2020. Mar gheall ar an tionchar a bhí ag Covid-19 ar phobail, tugadh tacaíocht le haghaidh limistéir fóillíochta pobail inrochtana atá ann cheana a fheabhsú nó le haghaidh cinn nua a fhorbairt inar féidir le daoine óga teacht le chéile lasmuigh i spásanna pobail slána. Sa tábla a leanas cuirtear sonraí ar fáil faoin maoiniú a dámhadh faoi CHLÁR 2020.

Ainm an Ghrúpa	Maoiniú
Comhlachas Forbartha Bhaile an Tobair Teo.	€37,690.00
Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Mhuirigh	€50,000.00
Scoil Náisiúnta Chluain Uí Choinn / Eaglais Chaitliceach Chill Luineachair	€45,000.00
Scoil Náisiúnta Ráth Ara	€13,500.00
Forbairt Phobail Dheonach Bhrosnach	€34,218.00
Cumann CLG Ail Finn	€50,000.00
Club Spóirt agus Sóisialta Chill Trostáin	€44,097.00
Cuideachta Forbartha Thuaim Ná / na Sionainne	€34,639.00

Aonad Ionchuimsithe Shóisialta Ros Comáin (Aonad IS)

Leanann an tAonad IS le hionchuimsiú sóisialta a leabú i gcomhlacht comparáideach na Comhairle agus leanann sé ag comhoibriú le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha eile trí struchtúir amhail CFPÁ Ros Comáin.

Áineas

Mar gheall ar Covid-19 chuir an tAonad IS feidhmiú céimneach na n-imeachtaí ionchuimsithe shóisialta dá chuid in oiriúint in 2020 chun cur chuige ar líne a chorprú. Áiríodh le himeachtaí ar líne *Lá Súgartha Náisiúnta Fíorúil* agus níos mó ná 600 leanbh agus tuismitheoirí ag freastal. Cuireadh *Seachtain Náisiúnta na Rothar* in oiriúint freisin agus cuireadh i bhfeidhm i go céimneach i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin, agus í ag cloí go docht le treoirlínte an Rialtais maidir le scaradh sóisialta.

Aoisbháúil

Tá an tAonad IS freagrach as cur chun feidhme na *Straistéise Aoisbháúla* a riar, lena n-áirítear an Grúpa Oibre Aoisbháúil agus Comhaontas an Chontae. Leanann an tAonad IS chun tacú le baill de Chomhairle Daoine Scothaosta Ros Comáin (CPC). Le linn 2020 cuireadh roinnt tionscnamh Aoisbháúil chun cinn i rith sheoladh bog *Straitéis Baile Aoisbháúil Mhainistir na Búille* i Lúnasa, agus aidhmeanna ag baint leo chun cáilíocht bheatha daoine scothaosta a fheabhsú a chónaíonn i Mainistir na Búille trí iad a mhealladh le bheith rannpháirteach ina bpobal féin a mhúnlú agus a fheabhsú.

Le linn na bliana ceapadh Speisialtóir Teicníochta Tithíochta Aoisbháúla chun comhairle a sholáthar d'fhoireann na Comhairle; do Chomhaltaí Tofa agus d'fhorbróirí san earnáil phríobháideach a bhfuil leas acu i dtithíocht aoisbháúil a chur ar fáil; do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a bhfuil leas acu maidir le tithíocht a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do bhaill an phobail óna bhféadfadh comhairle a bheith ag teastáil maidir le toisiú ceart nó a gcuid tithe féin a chur in oiriúint de réir prionsabail dearaidh uilíochta aoisbháúla.

Comhairle na nÓg

Éascaíonn an tAonad IS Comhairle na nÓg i Ros Comáin chomh maith. D'óstáil Comhairle na nÓg a céad CCB ar líne in 2020. I Márta, d'eagraigh Coiste na Comhairle seoladh ríomhchuidithe de leabhar um oideachas ar dhrugaí dar teideal *'Bury Drugs Not Your Dreams'* a bhí dírithe ar aird Aontas Daltaí Iarbhunscoileanna na hÉireann (ADIÉ)) a tharraingt. Mar thoradh air sin thug Oifig Oideachais agus Leasa ADIÉ cuireadh do Chomhairle na nÓg de chuid Ros Comáin chun comhoibriú leo ar acmhainn oideachais nua um dhrugaí le leithdháileadh ar bhonn náisiúnta chuig gach scoil dara leibhéal in Éirinn.

An tSeachtain Eolaíochta

Chuir an tAonad IS *Seachtain Eolaíochta 2020* i bhfeidhm go céimneach i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann. Is é a bhí i gceist leis an imeacht roinnt turgnamh eolaíochta ar líne a cuireadh ar fáil do scoileanna náisiúnta uile ar fud an chontae.

Oifigigh Forbartha Spóirt

Lean Comhairle Contae Ros Comáin tríd an Aonad IS le tacú le hobair Oifigeach Forbartha an FAI, Oifigeach Forbartha an CLG, Oifigeach Forbartha Chumann Pheil na mBan agus le hobair an Oifigigh Forbartha Rugbaí. Is é cuid de phríomhchuspóirí na nOifigeach Forbartha Spóirt ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí spórt trí obair a dhéanamh le scoileanna, le clubanna, le grúpaí ionchuimsithe shóisialta agus le grúpaí pobail agus clár a fhorbairt le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin i réimse an mhíchumais Le linn 2020, chuir na hOifigigh Forbartha Spóirt a gclár oibre in oiriúint d'fhonn obair a dhéanamh le grúpaí i suíomh ar líne.

Ros Comáin Sláintiúil

Rinne Comhairle Contae Ros Comáin Oifigeach um Ros Comáin Sláintiúil a cheapadh. Rinneadh 17 gclár sláinte agus folláine a mhaoiniú mar phríomhghníomhaíochtaí faoi *Chiste Éire Shláintiúil*. Tá siad á soláthar i gcomhar le 12 eagraíocht chomhpháirtíochta. Leanfar leis na clár sin go dtí deireadh na tréimhse deontais (Nollaig 2021).

Leanadh le feidhmiú céimneach gníomhaíochtaí faoi *Phlean Ros Comáin Sláintiúil* in 2020. I nDeireadh Fómhair, leithdháileadh méid iomlán de €30,000 do 8 ngrúpa phobail agus dheonacha mar chuid de *Scéim Deontas Beag an Chiste um Meabhairshláinte Phobail de chuid Éire Shláintiúil*.

Oidhreacht

Oibríonn an Oifig Oidhreachta, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Ros Comáin, chun *Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin 2019-2021* a chur chun feidhme ina leagtar amach na spriocanna oidhreachta straitéiseacha don chontae.

Áiríodh na nithe a leanas le gníomhaíochtaí a rinne an Oifig Oidhreachta:


- › **Féile Mháirseáil na Tána:** Ghlac 6 scoil páirt i dtionscadal fíorúil arna mhaoiniú ag Éire Ildánach.
- › **'Sraith na 'dTuras Treoraithe':** Bhí Caisleán Ros Comáin, Mainistir Ros Comáin agus Muileann Gaoithe Ail Finn san áireamh leis an tsraith seo. Is féidir amharc uirthi ar leathanach YouTube Chomhairle Contae Ros Comáin. Maoiníodh an tsraith seo ag Éire Ildánach.
- › **Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach (EIP) Fheirmeoireacht Ráth Cruachan:** Leanadh le tacaíocht don tionscadal seo in 2020 atá maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta.
- › **Sonraíochtaí Caomhnaithe maidir le Fothrach Saoirseachta:** Tugadh tacaíocht d'Eaglais Mheánaoise Ráth Ara agus do Másailéam Owen O'Connor trí mhaoiniú ón gComhairle Oidhreachta.
- › **Cuireadh tionscnaimh *MysteriousMonuments*, *#knowyour5k*, agus *Mianliosta Oidhreachta an Fhómhairí*** bhfeidhm mar thacaíocht le feachtais ***#InThisTogether*** agus ***#KeepWell***.



Rogha saothar ó Scoil Náisiúnta an Triain
- Féile Máirseála na Tána



Mianliosta Oidhreachta an Fómhair.



An leabhar 'Gardening for Biodiversity'.

› **An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta:** Rinneadh 4 fhéiseán a choimisiúnú. Is féidir amharc orthu ar leathanach YouTube Chomhairle Contae Ros Comáin.

› **Tionscadail an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht** arna maoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Áiríodh leo sin:

› **An leabhar 'Gardening for Biodiversity':** Cuireadh cóipeanna saor in aisce amach sa phost chuig daoine a raibh spéis acu ann ar fud an chontae.

› **Athrú Amháin ar son na Bithéagsúlachta** – Comhairle do ghrúpaí pobail maidir le Pailneoirí agus Bithéagsúlacht Ghlac 6 ghrúpa páirt sa tionscnamh sin.

› **Gnéchlár Fógraíochta maidir le Pailneoirí:** Mar thaca leis an bPlean Pailneoirí Uile-Éireann, 9 raidió 'Gnéchlár fógraíochta' maidir le conas le daoine gníomh a dhéanamh chun cuidiú le pailneoirí. Bhí sé sin ina chuid den fheachtas #inthisstogether.

› **#natureisgoodforyou:** 5 'ghnéchlár fógraíochta', mar thaca leis an bhfeachtas #keepwell.

› **Suirbhé Chontae Ros Comáin ar an nGabhlán Gaoithe:** Tá pobail gabhlán gaoithe i mbaile Ros Comáin agus 44 nead ghníomhacha ann, agus tá 14 nead agus 12 nead faoi seach i Mainistir na Búille agus i mBealach an Doirín. Is é an rud is tábhachtaí chun todtchá na ngabhlán gaoithe a chinntiú i Ros Comáin ná coilíneachtaí atá ann a chosaint a ghníomhaíonn mar phobal foinseach.



Suirbhé Chontae Ros Comáin ar an nGabhlán Gaoithe - iarratas ar fhaisnéis maidir le radhairc ar ghabhlán gaoithe.



Tuá a chur ar ais ar Theachín Chora na dTuath le tacaíocht trí mhaoiniú ó Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha (BHIS).

- **Scéimeanna maoinithe** arna riar thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- **Ciste Séadchomharthaí Pobail 2020:** Leithdháileadh €65,356 do 5 thionscadal lena ndearnadh 171 lá d'fhostaíocht oilte a ghiniúint sa chontae;
- **Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha (BHIS):** Leithdháileadh €60,000 do 10 dtionscadal. Gineadh caiteachas tionscadail iomlán leis an scéim de €180,064.18 agus rinneadh 393 lá d'fhostaíocht oilte a ghiniúint leis sa chontae;
- **Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF):** Leithdháileadh €40,000 do 2 thionscadal. Gineadh caiteachas tionscadail iomlán leis an scéim de €50,396 agus rinneadh 152 lá d'fhostaíocht oilte a ghiniúint leis sa chontae;
- **Maoiniú Spreagthaí Iúil – Maoiniú Breise HSF/BHIS:** Leithdháileadh €17,929 do 2 thionscadal. Gineadh caiteachas tionscadail iomlán leis an scéim de €35,858 agus rinneadh 117 lá d'fhostaíocht oilte a ghiniúint leis sa chontae.



Bhí Coiste Reilig Chill Taobháin ag obair chun an fothrach maoirseachta Eaglais agus Mhásailéam Chill Taobháin a chaomhnú. Maoiníodh oibreacha faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail in 2020.

Tionscadail Speisialta agus Athghiniúint

Is é ról Aonad Tionscadal Speisialta agus Athghiniúna Chomhairle Contae Ros Comáin tionscadail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm chun forbairt eacnamaíoch a éascú ar fud an chontae. Bhí an t-aonad rannpháirteach go gníomhach i roinnt tionscnamh agus tionscadal le linn 2020. Áiríodh leo sin:

Tionscnamh Bailte Stairiúla (HTI) Cheathrú na Spuaiceanna de chuid Ros Comáin

- › Ba cheann de 6 bhaile é baile Ros Comáin a bhí rathúil ar bhonn náisiúnta sa scéim HTI atá dírithe ar athghiniúint arna treorú ag caomhnú.
- › Bhain 15 áitreabh tairbhe as an scéim, agus rinneadh cuma agus beocht Shráid na hEaglaise, Ros Comáin, a bhunathrú.
- › Áiríodh leis na hoibreacha bearta cothabhála coiscthí agus feabhsuithe ar aghaidheanna ar an tsráid.
- › Bhí costas timpeall €200,000 i gceist leo.



Soilsiú an Chaisleáin, Páirc Loch na nÉan, Ros Comáin.

Tionscadail inár mBailte

Ros Comáin

- › Cuireadh feabhsuithe Pháirc Loch na nÉan i gcrích lenar áiríodh dromchlaí nua ar chosáin, fadhbanna draenála a réiteach, amfaitéatar nua agus Conair Dealbh faoin.
- › *Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh.* Cuireadh páirceáil do chóistí agus soilsiú an chaisleáin i gcrích in éineacht le Foireann Bhaile Ros Comáin faoin *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte*.
- › Cuireadh dearadh mionsonraithe i gcrích don Chearnóg agus don Phríomhshráid i Ros Comáin agus síníodh an Conradh le haghaidh na tógála.
- › Cuireadh iarratas isteach faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (URDF) chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i mBealtaine 2020. Bhí sé sin dírithe ar bhearta chun tacú le lár baile láidir agus ar bhealach rothaíochta a chruthú timpeall imeall an bhaile
- › Fuarthas maoiniú dar luach €40,000 faoin *mBeart Luathaithe den Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020* maidir le roinnt beart lenar áiríodh suiteán ealaíne, margaíocht agus comharthaíocht.



Amfaitéatar, Páirc Loch na nÉan, Ros Comáin



Síniú na gConarthaí, Óstán Royal, Mainistir na Búille.

Bealach an Doirín

- › Faomhadh maoiniú faoi Chatagóir 2 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF) le haghaidh dearadh mionsonraithe de lár an bhaile.
- › Cuireadh roinnt tionscadal i gcrích faoin *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte* lenar áiríodh tírdhreachú nua, pábháil limistéar an tSeamlais, *Plean Pobail agus Eacnamaíoch a fhorbairt*, clár faisnéise nua agus roghanna dearaidh le haghaidh limistéar na gCeapóg a fhorbairt.
- › Aimsíodh €40,000 faoi *Bheart Luathaithe Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020* do roinnt beart lenar áiríodh bonneagar féilte nua, suíomh gréasáin nua agus margú an bhaile.

Mainistir na Búille

- › Rinneadh oibreacha scartála tosaigh ar an sean-óstán Royal agus cuireadh dearadh mionsonraithe i gcrích chun é a athfheistiú.
- › Rinneadh cosáin nua a shuiteáil sa Phríomhshráid faoin *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte*.
- › Cuireadh tús le hobair ar *Bailte Cinn Scríbe* a dhearadh agus a sholáthar.
- › Osclaíodh *Conair Rothaíochta Mhainistir na Búille go Loch Cé* go foirmiúil agus baintear úsáid fhorleathan aisti.
- › Cuireadh iarratas isteach faoin RRDF maidir le feabhsuithe ar an *gCeathrú Cultúrtha*.
- › Aimsíodh €25,000 faoi *Bheart Luathaithe Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020* do roinnt beart lenar áiríodh bonneagar féilte nua, comharthaíocht nua agus oibreacha péinteála.

An Caisleán Riabhach

- › Cuireadh scéim feabhsaithe aghaidheanna sráide i gcrích.
- › Suiteáladh trealamh aclaíochta nua sa Diméin agus tá obair ar siúl le Foireann Bhaile an Chaisleáin Riabhaigh maidir le clár faisnéise agus comharthaíocht nua.
- › Cuireadh an dearadh mionsonraithe i gcrích den Mhol Bia.

Fearann na Manach, Baile Átha Luain

- › Cuireadh tús leis an dearadh mionsonraithe de *Spás Eolaíochtaí na Beatha agus Bogthuirlingthe*.
- › Aimsíodh €40,000 faoi *Bheart Luathaithe Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020* do roinnt beart lenar áiríodh bonneagar féilte nua, comharthaíocht nua agus stóras.

Béal na mBuillí

- › Cuireadh tionscadal feabhsaithe aghaidheanna i gcrích tar éis na hinfheistíochta rathúla i Margadh na Nollag faoin *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte*.
- › Ullmhaíodh plean ríochta poiblí don bhaile chun tacú le hiarratas ar an RRDF.
- › Aimsíodh €25,000 faoi *Bheart Luathaithe Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020* do roinnt beart lenar áiríodh bonneagar féilte nua, comharthaíocht nua agus stóras.

Obair lenár Sráidbhailte

Bhí go leor gníomhaíochtaí ar siúl sna sráidbhailte a bhí rathúil faoi *Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2018 agus 2019* agus faoi *Bheart Luathaithe Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020*. Áiríodh leis na sráidbhailte sin Áth Liag, An Chríoch, Béal Átha Feorainne, An Díseart, Cill Taobháin, Tuilsce, Tobar Bríde, Céideadh, Rúscaigh agus Gort an Ghainimh mar aon le pobail níos lú eile a bhain tairbhe as an scéim um *Pointí Nasctha Leathanbhanda*.

I measc na samplaí den obair a rinneadh bhí suiteáil cosán nua sa Chríoch, i dTobar Bríde, i dTuilsce agus i Rúscaigh chomh maith le tírdhreachú agus feabhsuithe ríochta poiblí.

Cuireadh tús le pleananna pobail agus eacnamaíocha in Alí Finn agus i gCnoc an Chrochaire/sa Leithcheathrú.

Cuireadh 10 n-iarratas le haghaidh sráidbhailte isteach faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020 agus d'éirigh le 8 acu. Áiríodh leo sin an Díseart, Cnoc an Chrochaire, Leithcheathrú, Rúscaigh, an Cruachan, Tearmann Bearaigh agus Tigh Srathra.

Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (ORIS)

Tá saoráidí áineasa lasmuigh níos tábhachtaí anois ná riamh. Bhí an tAonad Athghiniúna gnóthach agus é ag cur na dtionscadal a leanas chun cinn le linn 2020:

- Cur i gcrích *Chonair Rothaíochta Mhainistir na Búille go Loch Cé*;
- Cur i gcrích saoráidí feabhsaithe i bPáirc Loch na nÉan, Ros Comáin;
- Cur i gcrích *Bhealach Fhearann na Manach*;
- Cur i gcrích feabhsuithe ar Shliabh Bán;
- Tosú oibreacha ar Lúb Rinn Dúin agus ar Chuan Judy.

Cuireadh iarratas isteach freisin le haghaidh saoráidí breise faoi scéim *ORIS 2020*.



Dealbh John Haughey, Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, Áth Liag.



Cathaoir Dhúlra, Páirc Loch na nÉan, Ros Comáin.




Rothaithe agus taitneamh á bhaint acu as Conair Rothaíochta Mhainistir na Búille go Loch Cé.

Ag Obair Le Muintir Dhomhanda Ros Comáin trí Thriall ar Ros Comáin

Cuireadh imeacht an-rathúil ar siúl ar líne i mí Iúil mar chuid de Lá Dhomhanda Mhuintir Ros Comáin. Cuireadh 3 uair an chloig de thuairisciú ar fáil leis sin ar a bhfuil le fail i Ros Comáin agus bhí agallaimh ann le Cománaigh sa chontae agus thar lear mar aon sárthaispeántais ceoil, spóirt agus cultúir.

Mar thoradh ar Lá Dhomhanda Mhuintir Ros Comáin bhí ardleibhéal rannpháirtíochta ar na meáin shóisialta de thairbhe na dáimhe a bhí ag go leor daoine leis an imeacht nach raibh in ann teacht abhaile.

Leanann cainéil meán sóisialta *Thriall ar Ros Comáin* chun dul i méid ar LinkedIn, Twitter, Instagram agus Facebook agus fóram á sholáthar acu le haghaidh scéalta dearfacha agus imeachtaí ina bhfuil spéis ag daoine a bhfuil nasc acu le Ros Comáin sa chontae agus thar lear.



Maoiniú faoi Tionscadal Éireann 2040

Tá achoimre ar an maoiniú a fuair an tAonad Athghiniúna in 2020 faoi *Tionscadal Éireann 2040* le fáil sa tábla a leanas:

Scéim	Láthair	Méid
Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte	Éagsúil	€800,000
Beart Luathaithe Covid Bailte agus Sráidbhailte	Éagsúil	€428,885
Bailte Cinn Scríbe	Mainistir na Búille	€470,715
Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2020	Baile Ros Comáin	€165,000
Ciste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe (Cat. 2)	Bealach an Doirín	€434,010
Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh	Cluain Láir agus Rinn Dúin	€400,000

Oifig Fiontar Áitiúil

Gníomhaíonn an Oifig Fiontar Áitiúil (OFÁ) mar 'Ionad Ilfhreastail' do dhuine ar bith a bhfuil faisnéis agus tacaíocht á lorg acu maidir le gnólacht a chur ar bhun nó a fhás. Is é ról OFÁ Ros Comáin forbairt fiontar áitiúil a spreagadh, agus micreaghnóthais agus gnólachtaí beaga á gcur ag croílár chruthú na fostaíochta.

Tacaíonn OFÁ le gnólachtaí nuathionscanta agus oibríonn sé chun acmhainn fostaíochta micreaghnóthas agus gnólachtaí beaga agus na gceann atá ann cheana a mhéadú le faisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht airgeadais roghnach.



Buaiteoirí Duaiseanna Fiontraíochta an Chontae 2020 - Lidan Design.

Bhí béim láidir ag OFÁ Ros Comáin ar ghnólachtaí a ullmhú le haghaidh Brexit in 2020 agus chuir sé meantóireacht, ceardlanna agus seimineáir ar fáil maidir le Brexit. Mar chuid den fhreagairt do Brexit mhéadaigh an OFÁ a fócas ar ghnólachtaí a chuidiú chun margaí onnmhairithe malartacha a shainaithint agus chun dul in iomaíocht iontu.

Ba bhliain an-ghnóthach 2020 do OFÁ Ros Comáin, go háirithe mar gheall ar Covid-19 agus Brexit.. Tacaíodh le 178 ngnólacht ina bhfostaítear 888 nduine mar thoradh díreach ar dheontais a ceadaíodh do ghnólachtaí úra agus reatha agus baill foirne bhreise á bhfostú acu i gContae Ros Comáin. Phléigh an OFÁ le níos mó ná 3,000 fiosrúchán. Tháinig méadú in 2020 ar líon na rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna, i dtascanna meantóireachta agus i gclinicí meantóireachta. Cuireadh na tacaíochtaí sin ar fad chun cinn i measc gnóthais beaga, micreaghnóthas agus gnólachtaí nuathionscanta i Ros Comáin, cuireadh ar fáil dóibh iad agus rinneadh iad a shaincheapadh faoina gcoinne.

D'oibrigh an OFÁ le 8 meánscoil agus le 16 bhunscoil chun an fhiontraíocht a chothú ar leibhéal áitiúil, agus ar leibhéal an chontae agus ar leibhéal náisiúnta.

Ceapadh agus soláthraíodh cláir thiomnaithe lenar áiríodh 'Meáin Shóisialta' agus 'Lean for Micro' chun tacú le spriocghrúpaí.

Ós rud é go ndeachaigh srianta Covid-19 i bhfeidhm ar go leor gnólachtaí bhí spéis ollmhór sna *Dearbháin Trádála Ar Líne*, ar dtugadh deontais cothrom le 90% ina leith. Tríd an scéim sin tacaíodh le cuid mhaith gnólachtaí chun leanúint le trádáil ar líne. Bhain níos mó ná 270 gnólacht leas as an scéim. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil do ghnólachtaí freisin chun cuidiú leo pleanáil a dhéanamh don tréimhse tar éis Covid-19. Tugadh an *Dearbhán Leanúnachais Gnó* isteach. Tacaíodh le 233 gnólacht faoin scéim sin.

Lean an OFÁ le sármhaitheas a bhaint amach i gcúram custaiméirí agus is é mar aidhm aici forbairt a dhéanamh air sin trí sheirbhísí agus tacaíochtaí ardcháilíochta a sholáthar dá mboinn custaiméirí agus cliant atá ag méadú de shíor ar fud Ros Comáin. Leanadh le rannpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus leis an GFT le linn 2020 agus Ros Comáin á chur chun cinn mar shuíomh le haghaidh gnó agus infheistíocht isteach. Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag obair chun Mol Nuála a athchóiriú i bhFearann na Manach, Baile Átha Luain do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí beaga mar áit chun iad féin a bhunú agus a fhás sa cheantar. Tá infheisteoirí a mhealladh isteach sa réigiún le láithreáin thionsclaíocha i mbaile Ros Comáin agus leanann sé ag forbairt. Tá céim 2 de phleanáil na n-aonad micribhia sa Chaisleán Riabhach ar siúl.


Oifig Fiontar Áitiúil
Local Enterprise Office
Roscommon



Ceapadh agus soláthraíodh cláir thiomnaithe lenar áiríodh 'Meáin Shóisialta' agus 'Lean for Micro' chun tacú le spriocghrúpaí.

Na hEalaíona

An Oifig Ealaíon

In 2020, lean an Oifig Ealaíon le tacaíocht a thabhairt do na healaíona, chun iad a spreagadh agus a chothú trí chlár úra agus reatha, agus comhpháirtíochtaí á bhforbairt agus

obair á déanamh i gcomhar le healaíontóirí, le gníomhaireachtaí agus le pobail.


Leanadh le **Clár na nEalaíontóirí i Scoileanna** in 2020. D'oibrigh 13 ealaíontóir le 30 rang in 18 scoil ar fud an chontae.

Cuireadh na clár **Drámaíocht Óige Ros Comáin agus Glúin Cheoil Ros Comáin** ar líne go rathúil le linn na bliana tar éis oiliúint bhreise a chur ar éascaitheoirí agus ar cheannairí.




Ensemble Sacsafóin Ghlúin Cheoil Ros Comáin leis an teagascóir Cathal Roche - cleachtadh ag Teach King.

Bhí 160 scríbhneoir rannpháirteach sa **Chlár Forbartha Litríochta a bhí thar a bheith rathúil**. Áiríodh leis Mórbhileog Ros Comáin Autumn Leaves, cnuasach filíochta, mearfhicsin agus liricí amhrán, a scaipeadh mar iatán saor in aisce sa Roscommon Herald i Samhain.



Lá Oscailte Dhrámaíocht Óige Ros Comáin.



Autumn Leaves 2020.



Coimisiún Pianó Theach
King 2020/21.

Bhronn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Ros Comáin **Coimisiún Pianó Theach King** ar Ryan Molly, an chead cheanna de shraith bhliantúil de choimisiúin cheoil. Beidh an première ar siúl le linn *Fhéile Ealaíon Mhainistir na Búille 2021*.

Bhí sraith imeachtaí beo saor in aisce agus ar líne ar siúl mar chuid de **Oíche Chultúir Ros Comáin**. Áiríodh leo sin coimisiún scannáin i gcomhar le *Clár na nDeich mBliana de Chomóradh Céad Bliain*, a teilgeadh ar fhoirgnimh Ionad Ealaíon Ros Comáin, Theach King, Ionad Dhubhghlas de hÍde agus ag bealach isteach Theach Pháirc Bhéal na mBuillí.


D'fhothacú le healaíontóirí ag gach céim dá ngairmeacha agus i raon leathan de chomhthéacsanna agus d'fhoirmeacha ealaíon, dhámh an Oifig Ealaíon *sparánachtaí ealaíontóirí*, d'eagraigh sí agus sholáthair sí oiliúint agus imeachtaí líonraithe d'ealaíontóirí agus thacaigh sí le raon éagsúil de thionscadail le healaíontóirí.

Leanadh le forbairt scannánaíochta in 2020. Tríd an *Tionscadal Scannáin SLR* agus tríd an gCiste *WRAP (Leiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair)* tacaíodh le Savage Productions agus le Hail Mary Pictures chun *The Cellar* a scannánú i Samhain agus i Nollaig 2020 ag roinnt láithreacha sa chontae agus Áras an Chontae, Ros Comáin; Béal Átha Liag; Béal na mBuillí; Mainistir na Búille agus Teach Chluain Mhalais, an Caisleán Riabhach san áireamh. Táthar chun *The Cellar* a chur amach in amharclanna ar fud an domhain in 2021.

In 2020, do chlár **Éire Ildánach**, d'eagraigh an Fhoireann Chultúir níos mó ná 30 imeacht agus tionscadal lenar áiríodh *Glaos Oscailte Ros Comáin Ildánach*; *Duaisianna Grianghrafadóireachta an Chathaoirligh*; *Comhráite i bPortráid*; *Tionscadail agus Cónaitheachtaí Pobal Ildánach*; *Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain* agus *Cruinniú na nÓg*, lá náisiúnta na hÉireann le haghaidh gníomhaíocht chruthaitheach do pháistí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh iomlána.



Oíche Chultúir 2020 um Dhán ar Éisteacht le Ceiliúir na nÉan.




Rogha de Thionscadail Éire Ildánach Ros Comáin 2020.



An Cathaoirleach, an Comhairleoir Paschal Fitzmaurice le Buaitheoirí Dhuais Ghrianghrafadóireachta an Chathaoirligh ag Ionad Ealaíon Ros Comáin.

An tIonad Ealaíon

Chuir Ionad Ealaíon Ros Comáin clár cumaisc d'imeachtaí ar an láthair agus ar líne ar siúl in 2020. Cé go raibh sé oscailte níos lú ná leath na bliana, forbraíodh clár fíorúil, bogadh cónaitheachtaí as an láthair, rinneadh cineálacha nua de rannpháirtíocht an phobail a fhiosrú agus rinneadh stáitsí d'ardáin ar líne de réir mar a méadaíodh spriocluchtanna ó bhonn áitiúil go bonn domhanda.



I measc bhuaicphointí an chláir bheo bhí:

- › **Féile Drámaíochta Ros Comáin;**
- › **Ealaín Radhairc:** Taispeántais ar an láthair le healaíontóirí Margo McNulty, Marc Garry agus Paul Hallahan;
- › **The Reel Thing:** Athsheoladh an léirithe ceoil thraidisiúnta seo le taibheoirí a rugadh i Ros Comáin sa samhradh/san fhómhar in 2020;
- › **Gailearaí X:** Ed: An clár oideachais um ealaín radhairc le trí scoil de chuid an dara leibhéal i Ros Comáin.

I measc bhuaicphointí an chláir ar líne bhí:

- › **An Clár Ealaíne Radhairc:** Cuireadh 3 cinn de na 6 thaispeántas a bhí beartaithe i láthair ar an láthair agus bogadh ar líne iad trí www.roscommonartscentre.ie;
- › **Líonra Litríochta Beo:** Forbraíodh clár litríochta ar líne nua lenar áiríodh sraith de 6 agallamh le scríbhneoirí. Tharraing an clár sin lucht éisteachta níos mó ná 2,800;
- › **Amhrántacht sa Dianghlasáil:** 56 lá de léirithe laethúla beo trí Facebook Live le Cathy Jordan agus lucht éisteachta ar fud an domhain de níos mó ná 10,000;

Taispeántas an ealaíontóra Paul Hallahan 'Running, Returning, Running' a bogadh ó sheó ar an láthair ag Ionad Ealaíon Ros Comáin go hardán ar líne.

- › **Stiúideonna, Ceardlanna & Táblaí Cistine:** sraith agallamh 4 chuid le healaíontóirí radhairc agus cleachtóirí a bhí rannpháirteach leis an Ionad Ealaíon in 2020;
- › **Clár do Pháistí:** Roinnt tionscadal a bhí dírithe ar theaghlaigh agus ar scoileanna lenar áiríodh: taispeántas féinphortráidí le páistí ina raibh níos mó ná 75 phictiúr i bhfuinneoga an Ionaid Ealaíon mar chuid de Chruinniú na nÓg agus sraith léirithe agus imeachtaí ar líne le linn na bliana;
- › **Abhaile don Nollaig:** Freagairt Chompántas Drámaíochta Fregolí do thionscadal ócáidí poiblí lena léiríodh cuimhní daoine faoin Nollaig;
- › **Dhá Dhán Déag don Nollaig:** Tionscadal filíochta, arna choimeád ag file Ros Comáin Jane Clarke, ina raibh 12 file Éireannacha rannpháirteach agus iad ag léamh dánta thar 12 lá na Nollag.

Chuir Ionad Ealaíon Ros Comáin raon tacaíochtaí ar fáil d'ealaíontóirí in 2020 trí shraith ceapachán, coimisiún, cónaitheachtaí, duaiseanna agus tacaíochtaí in áit airgid mar a leanas:

- › **Coimeádaí Ealaíne Radhairc:** Ceapadh Coimeádaí Cónaitheach nua le haghaidh 2020/2021;
- › **Coimisiúin:** Tugadh cuireadh do 5 ealaíontóirí radhairc chun saothar nua a chruthú do spás an ghailearaí in 2021;
- › **Compántas Drámaíochta Fregoli:** Rinne an compántas a chónaitheacht a shamhlú as an nua, agus trí dhráma ghearra á gcruthú aige mar aon le léiriú mar shaothar idir lámha de dhráma nua 'Cross Street' le Jarleth Tivnan;
- › **Hatch:** Leanadh le tacaíocht do 2 ealaíontóirí/chomharghrúpa chun saothar nua a chruthú do lucht féachana óg taobh thiar de dhoirse dúnta agus as an láthair;
- › **Pobail Ildánacha:** Seoladh 2 chónaitheacht ealaíontóra nua d'ealaíontóirí Ros Comáin i ndamhsa agus i gceol le tacaíocht ó Éire Ildánach Ros Comáin;
- › **Maoiniú do Thaighde & Forbairt (R&D):** Dámhadh iad do 3 cleachtóirí gairmiúla a rugadh i Ros Comáin maidir le taighde agus forbairt i dtaca le tionscadail nua;

Compántas Drámaíochta Fregoli,
Compántas Cónaitheach Ionad
Ealaíon Ros Comáin 2020.



'A Christmas Carol' de chuid Compántas Drámaíochta Livin' Dred a rinne Ionad Ealaíon Ros Comáin é a shruthú i 30 bunscoil mar chuid de chlár imeachtaí 2020.

- › **Stiúideo 2020:** Tríd an tionscnamh nua seo cuireadh rochtain ar fáil do 3 ealaíontóirí ó Ros Comáin ar spásanna stiúideo saor in aisce agus ar acmhainní an ionaid le linn phaindéim Covid-19;
- › **Duais Meantóireachta Words Ireland:** Thacaigh an tIonad Ealaíon le meantóireacht litríochta 8 mí in éineacht l Words Ireland do scríbhneoir lonnaithe i Ros Comáin.



Seirbhísí Leabharlainne

Leabharlann Feabhail

Chuir Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin raon d'acmhainní agus de sheirbhísí ar fáil le linn 2020. Trí líonra de leabharlanna brainse, tríd an tseirbhís leabharlainne móibíle agus trí sholáthar seirbhísí ar líne, thacaigh an tSeirbhís Leabharlainne le riachtanais úsáideoirí ar fud an chontae, agus í ag oibriú i gcónaí ar aon dul le bearta sláinte poiblí mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Soláthar Seirbhísí

Athraíodh soláthar na seirbhísí leabharlainne le linn na bliana ar aon dul le riachtanais sláinte poiblí. Áiríodh le seirbhísí iasachta iomlána, seirbhísí bailithe amháin agus seirbhísí ar líne amháin.

Forbraíodh saoráid bhallaíochta ar líne chun ligean do bhaill an phobail rochtain láithreach a fháil ar acmhainní ar líne. Baineadh úsáid as an tSeirbhís Leabharlainne Móibíle i mBéal na mBuillí agus in Ail Finn áit nach rabhthas in ann bearta scartha shóisialta a chur i bhfeidhm i bhfoirgnimh na leabharlainne.

Chun tacú leis an tsamhail chumaisc sin de sheachadadh seirbhíse, d'oibrigh an tSeirbhís leabharlainne i ndlúthchomhar le Foireann um Bunathrú Digiteach de chuid na Comhairle chun córas teagmhála agus bailithe a fhorbairt chun ligean d'úsáideoirí na leabharlainne leabhair a iarraidh agus coinní bailithe a shocrú agus an tairseach Mo Chuid Seirbhísí á húsáid.

Straitéisí Forbartha Leabharlainne

Bhí seachadadh seirbhísí leabharlainne in 2020 ar aon dul le riachtanais *Athléimneacht agus Téarnamh 2020-2021: Plean chun Maireachtáil le COVID-19* agus le straitéisí agus moltaí um príomhsheirbhísí atá san áireamh le *Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Thabhairt Le Chéile agus a Chumasú*. Déanfar *Plean Forbartha Leabharlainne* nua a sholáthar in 2021.

Tacaíochtaí Maoinithe

D'fhaomh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) maoiniú le haghaidh saoráidí agus trealamh na gcéadfaí. Tacaíodh le maoiniú breise do sheirbhísí atá báil do na céadfaí tríd an gCiste um Chuntais Dhímhaoine maidir le tionscadal comhoibritheach le Seirbhísí Leabharlainne Shligigh agus Liatroma. Déanfar an tionscadal sin, ar a dtugtar *Sense-Ability* a sholáthar in 2021. Aimsíodh maoiniú tríd an gCiste um Chuntais Dhímhaoine freisin le haghaidh bogearraí a cheannach chun tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí acu maidir le léitheoireacht, scríobh agus litríú.

Tacaíodh le roinnt oibreacha ar an mionchóir sna leabharlanna i mBealach an Doirín agus i mBéal na mBuillí trí mhaoiniú ón RFTP. Áireofar le hoibreacha athchumrú spásanna sna leabharlanna chun scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm agus áirítear spásanna tiomnaithe a chruthú leo chun gléasanna atá cumasaithe do WiFi a úsáid, seilfeanna solúbtha agus troscán.

Acmhainní Ar Líne

Ba rud tábhachtach é maidir le seachadadh seirbhísí ná infhaighteacht raon leathan d'acmhainní ar líne le linn tréimhsí nuair a bhí leabharlanna dúnta mar gheall ar shrianta Covid-19. Méadaíodh úsáid acmhainní Ríomhleabharlainne ar fud na n-ardán uile le linn na bliana. Méadaíodh úsáid Ríomh-chlosleabhar faoi 104%, agus méadaíodh íoslódáil Ríomhleabhar faoi 250%. Ba í an méadú is mó ar úsáid ná ar acmhainní ar líne, agus méadú 658% ann.



Teaghlach ag freastal ar Lá Oscailte Náisiúnta na Leabharlann ag Leabharlann Bhrainse Ros Comáin.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí Leabharlainne

Roinn chur i bhfeidhm shrianta Covid-19 i Márta, d'eagraigh an tseirbhís leabharlainne roinnt imeachtaí. Bhí feachtas chur chun cinn náisiúnta maidir le leabharlanna dar teideal *Feachtas Féachana Níos Géire* ar siúl i Eanáir agus i Feabhra. Reáchtáladh an feachtas ar raidió, in amharclanna, ar theilifís ar iarratas agus ar ardáin na meán sóisialta.

An Sathairn an 29 Feabhra, mar chuid de *Lá Oscailte Náisiúnta na Leabharlann*, bhí 17 n-imeacht ar siúl i leabharlanna ar fud an chontae lenar áiríodh *Ceardlann Beochana Íomhá ar Íomhá* i gcomhar le Foróige i mBéal na mBuillí, *Ceardlanna Luathlítearthachta* le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC), seó puipéad, iarnóin leis an údar Patricia Gibney agus taispeántas seirbhísí digiteacha lenar áiríodh cluichíocht, priontáil 3T, ríomhleabhair agus táibléid iniasachta. D'fhreastail 750 duine ar leabharlann áitiúil Ros Comáin dá gcuid ar an lá.

Tar éis thabhairt isteach srianta Covid-19, bogadh imeachtaí ar líne trí chainéil meán sóisialta na leabharlainne. Bhí na scórtha imeachtaí ar siúl le linn na bliana agus scéalaíocht, ealaíona agus ceardaíocht san áireamh mar aon le himeachtaí ar théama na Nollag, damhsa agus filíochta. Bhí *Féile Litríochta Shiarscéal* ar siúl ar líne agus Zoom á úsáid i nDeireadh Fómhair.

Éire Shláintiúil agus do Leabharlann

Leanadh leis an tseirbhís sin in 2020 a bhfuil mar aidhm aici leabharlanna a bhunú mar acmhainn luachmhar maidir le faisnéis agus acmhainní a bhaineann le sláinte. Bhí a lán imeachtaí ar siúl sula ndearnadh srianta Covid-19 a thabhairt isteach, lena áiríodh imeachtaí a bhain le aireacha, ióga, athshlánú, teiripe shúgartha agus sláinte bhéil. Trí shraith de 5 fhíseán ar líne arna dtreorú ag teiripeoir súgartha cuireadh tacaíocht luachmhar ar fáil do thuismitheoirí sa bhaile i rith na dianghlása lena gcuid páistí. Trí chlár reathaíochta ar líne *Tolg-go-5k*, i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin, tugadh an deis do 85 daoine ó ar fud an chontae chun páirt a ghlacadh sa chlár. Ceannaíodh trealamh fístaifeadta chun imeachtaí ar líne a éascú agus maoiniú *Éire Shláintiúil* á úsáid.



Éire Shláintiúil ag Imeacht Sláinte Béil do Leabharlainne i Leabharlann Ros Comáin.

An Ceart chun Léitheoireachta

Cuirtear tacaíocht litearthachta agus forbairt léitheoireachta ar fáil leis an gclár seo do pháistí, do thuismitheoirí agus do dhaoine fásta. Rinneadh é a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le BOOGRC, Coiste Cúraim Leanaí Ros Comáin, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, TUSLA agus le Foróige. Áiríodh le clár 2020 *Spring into Storytime*, *Summer Stars*, *Ros na nÓg* (Féile Leabhar do Pháistí) agus *Am Teaghlaigh ag do Leabharlann*. Ba é Deireadh Fómhair an mhí shuaitheanta agus an *Fhéile Leabhar do Pháistí* ar siúl. Bhí féile 2020 chomh rathúil sin agus a bhí riamh, cé gur cuireadh ar siúl í ar dhóigh arna samhlú as an nua. Rinne údair, maisitheoirí agus scéalaithe seachadadh raon imeachtaí ar líne ar théamaí leabhar a éascú a bhí oiriúnach do pháistí de gach aois agus dá dteaghlaigh. Bhí gach imeacht saor in aisce agus thacaigh Éire Ildánach leis an bhféile.



Stadán ó Imeacht na Féile Leabhar Ar Líne do Pháistí: Caoimhe an Bhaileiríne.

Work Matters

Cuireann an tseirbhís náisiúnta seo tacaíochtaí gnó agus fostaíochta d'úsáideoirí leabharlainne. Déantar iad a sheachadadh i gcomhar leis an Oifig Fiontar Áitiúil, Faisnéis do Shaoránaigh, INTREO agus BOOGRC. Tacaítear le *Work Matters* trí raon fairsing acmhainní, lena n-áirítear bailiúchán leabhar agus acmhainní digiteacha d'fhiontraithe agus do chuardaitheoirí post.

Bearta Feidhmíochta

In 2020, tugadh líon iomlán de 39,045 chuairt ar phointí seirbhíse Ghlac úsáideoirí leabharlainne níos mó ná 67,000 earra ar iasacht, go pearsanta agus ar líne.

STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ
UISCE, COMHSHAOIL,
SÓCMHAINNÍ AGUS
ATHRAITHE AERÁIDE,
RIALACHAIS AGUS
GNÓTHAÍ AIRGEADAS

Seirbhísí Uisce

An 1 Eanáir 2014, rinneadh feidhmeanna uisce phoiblí agus fuíolluisce a aistriú ó údaráis áitiúla go hUisce Éireann. Gníomhaíonn Comhairle Contae Ros Comáin mar ghníomhaí de chuid Uisce Éireann anois chun seirbhísí uisce phoiblí agus fuíolluisce a sholáthar faoi Chomhaontú Seirbhíse (CS).

Plean Seirbhíse Bliantúil

Déantar *Plean Seirbhíse Bliantúil* ina bhfuil spriocanna feidhmíochta a chomhaontú gach bliain. Bhí spriocanna feidhmíochta i *bPlean Seirbhíse Bliantúil 2020* le haghaidh scéimeanna uisce agus fuíolluisce reatha a fheidhmiú agus chun cothabháil a dhéanamh orthu, agus tionscadail chaipitil a chur i gcrích, faoi mar a comhaontaíodh ag deireadh 2019 mar chuid den idirbheartaíocht maidir le líon na mball foirne agus an buiséad. Rinneadh buiséad iomlán de €8.2m a leithdháileadh ar Ros Comáin. Tá 76 tháscaire feidhmíochta sa phlean.

Scéimeanna Caipitil

Tá an phleanáil agus an tógáil i ngach scéim caipitil á ndéanamh anois faoi stiúir Uisce Éireann. Tá *Clár Caipitil* ar siúl sa chontae faoi láthair.

Punann an Bhonneagair

Príomhdhraenáil Bhaile Ros Comáin

Is é is cuspóir do Thionscadal Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin aghaidh a thabhairt ar na tosca do Cheirtleán Ros Comáin a thugtar i Litir Fógra Fhoirmiúil Choimisiún AE 2015 faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Bainfear an bpríomhchuspóir amach trí na nithe a leanas a dhéanamh:

- Éirí as píobáin forsceite uisce stoirme a úsáid nuair is féidir;
- Píobáin forsceite uisce stoirme atá ann cheana a uasghrádú nuair is gá mar bheart faoisimh i gcoinníollacha adhaimsire forsceite;
- Séaraigh uasghrádaithe a sholáthar sa chóras bailithe fuíolluisce ar fad;
- Stáisiúin chaidéalúcháin nua agus uasghrádaithe a sholáthar;
- Stóráil uisce stoirme a sholáthar ag na stáisiúin chaidéalúcháin is tábhachtaí agus ag an ionad cóireála fuíolluisce.

Faomhadh ceadú ó bhord Eirvia in 2020. Táthar ag fanacht ar fhaomhadh ó Nua-Ré agus ón Aire. Táthar ag súil go ndámhfar an conradh i Ráithe 2, 2021. Is infheistíocht mhór eile an infheistíocht €16.3m ag Uisce Éireann i gContae Ros Comáin le blianta beaga anuas.



Oibreacha Ionraoin Nua agus Umar Stoirme ag Ionad Cóireála Uisce Fhearann na Manach, Baile Átha Luain.

Ionraon agus Umar Stoirme Fhearann na Manach

Tháinig na hoibreacha sin i seirbhís in 2020. Is iad Glan Agua Ltd. a thóg na hoibreacha ar son Uisce Éireann agus Chomhairle Contae Ros Comáin.

Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín

Cuimsítear Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín i *bPlean Infheistíochta Caipitil 2017-2021* le go ndéanfar measúnú ar na próisis cóireála príomhúla agus tánaistí san ionad. Tá an tsaoráid atá ann faoi láthair i mbaol faoi láthair, i dtaca leis an Treoir maidir le Cóireáil Uisce Uirbigh a chomhlíonadh, róluchtú, agus ar an ábhar nach bhfuil go leor acmhainne ann le haghaidh fáis. Rinneadh tuarascáil staidéir féidearthachta maidir le hIonad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín a uasghrádú a fhaomhadh in 2019 agus tá tuarascáil deartha curtha i gcrích. Tá an tionscadal ag Geata 2, pleanáil agus dearadh, faoi láthair. Cuireadh tús le Rannpháirtíocht Luath an Chonraitheora (ECI) le Veolia. Bhí deimhniú sruthanna agus sampláil ar siúl le linn 2020.

Punann an Chláir Chaipitil

Clár Cóireála Uisce

Tá *Clár Réigiúnach Cóireála Uisce* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Ceapadh EPS Ltd. mar chonraitheoir. Is láithreán amháin é Ionad Cóireála Uisce Mhun Talbóid as 15 láithreán atá san áireamh leis an gclár. Rinneadh trealamh monatóireachta a shuiteáil agus tá anailís ar an amhuisce ar siúl faoi láthair. Táthar ag súil go gcuirfear dearadh maidir le cosaint na foinse isteach go luath in 2021 agus go gcuirfear na hoibreacha uile i gcrích le linn an tsamhraidh in 2021.

Clár Laghdaithe Luaidhe

Tá *Clár Réigiúnach Laghdaithe Luaidhe* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Sainithníodh na hionaid cóireála uisce a leanas i Ros Comáin faoin gclár:

- Ionad Cóireála Uisce Ros Comáin Thuaidh;
- Ionad Cóireála Uisce Phort na Carraige;
- Ionad Cóireála Uisce Bhaile na gCeard;
- Ionad Cóireála Uisce Chill Dhéagláin;
- Ionad Cóireála Uisce Sealadach Thobar Longfoirt.

Tá tús áite tugtha do Shaoráid Cóireála Uisce Ros Comáin Thuaidh. Rinneadh anailís ar an luaidhe iomlán in 2020.

Clár Glanta Taiscumar

Tá *Clár Réigiúnach Glanta Taiscumar* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Glanadh na taiscumair a leanas mar chuid den chlár sin in 2020:

- Túr Uisce an Chaisleáin Riabhaigh;
- Taiscumar an Loig Bhuí

Clár Cosanta um Rochtain ar Ard agus ar Imill

Rinneadh 12 láithreán a shainathint sa chontae le cur san áireamh sa chlár réigiúnach €4m seo. Rinneadh an clár a fhorbairt chun dul i ngleic le nithe ardríosca a sainathníodh le linn iniúchtaí Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Timpeallachta (HSQE). Cheap Uisce Éireann EPS Ltd. mar chonraitheoir. Tá oibreacha curtha i gcrích sna háiteanna a leanas: Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhainistir na Búille, taiscumar Mhullach na Sí, taiscumar Ail Finn, Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Fearnáin, taiscumar idirmheánach agus taiscumar príomha Chill Trostáin, taiscumar Bhaile Uí Fhíne, Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal an Átha Mín, Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha na gCarr, Ionad Cóireála Fuíolluisce Chruacháin agus taiscumar an Gharráin Leathain. Tá oibreacha beartaithe d'Ionad Cóireála Fuíolluisce an Chaisleáin Riabhaigh le linn 2021.

Clár Athchóirithe Taiscumar

Tá *Clár Réigiúnach Athchóirithe Taiscumar* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Cuireadh réamh-oibreacha suirbhéireachta agus cumasaithe i gcrích ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Comáin Thuaidh agus ag taiscumar Mhullach na Sí. Táthar ag súil go gcuirfear oibreacha ar siúl ag na láithreacha sin le linn 2021.

Clár Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh

Tá *Clár Náisiúnta Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Déantar foráil sa chlár sin go ndéanfar fostáisiúin teiliméadrachta a shuiteáil ag stáisiúin caidéalúcháin fuíolluisce d'fhonn réamhrabhadh a thabhairt i gcás doirte go huiscí íogaire agus chun sonraí a fháil le haghaidh uasghrádaithe, iarratais naisc, etc. amach anseo. Beidh na láithreáin ar fad a bheidh mar chuid den chlár seo ceangailte leis an *gCóras Náisiúnta Teiliméadrachta eatarbhach* (INTS).. Rinneadh suirbhé ar stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce dhroichead Mhainistir na Búille agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid Uisce Éireann.



Oibreacha Glanta ag Túr Uisce an Chaisleáin Riabhaigh.

Clár Measúnaithe na bPíobán Forsceite Uisce Stoirme

Cuireadh suirbhéanna i gcrích ar 8 bpíobán forsceite uisce stoirme. Beidh ceardlanna deartha ar siúl. Tá sé beartaithe go gcuirfear an chéim reatha den chlár i gcrích le linn 2021.

Clár Cothabhála Caipitil na bPríomhphíobán Aníos agus na Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce

Ainmníodh 300 stáisiún caidéalúcháin ar fud na tíre. Tabharfar cuairt ar na chéad 100, ar a ndéanfar suirbhéireacht, agus cuirfear tuarascáil um dhearadh coincheapa le cheile. Sainathníodh 9 stáisiún caidéalúcháin uisce a bhfuil tús áite acu i Ros Comáin faoin gclár. Cuireadh suirbhéanna a bhí le tosú ar ceal mar gheall ar shrianta Covid-19.

Clár Fáis na mBailte Beaga agus Sráidbhailte

Tá sé molta go mbeidh *Clár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte* ar siúl lena dtacófar le roinnt de na Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta faoin *gCreat Náisiúnta Pleanála* (CNP) e.g. cur chuige nua um lonnaíochtaí tuaithe a fhorbairt faoi Thoradh Straitéiseach Náisiúnta 9 den *CNP*. Tá sé beartaithe le *Clár Fáis na mBailte Beaga agus Sráidbhailte* go soláthrófar acmhainn fáis maidir le hionaid cóireála uisce agus fuíolluisce i lonnaíochtaí níos lú nach ndéanfar soláthar ina leith ar shlí eile sa phlean infheistíochta. Cuireadh aighneachtaí isteach maidir le Béal an Átha Mín, Baile an Tobair agus An Leithcheathrú le bheith curtha sa chlár.

Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce

Tá an chéad *Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce* (PNAU) á fhorbairt ag Uisce Éireann faoi láthair. Sa *PNAU*, leagtar amach an straitéis maidir le conas a bhogfaidh an Chomhairle i dtreo uisce óil a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, slán agus iontaofa sna 25 bliana atá romhainn. Sa phlean, tugtar creatlach chun sócmhainní soláthair nua uisce a fhorbairt a dhéanfaidh iontaofacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht an tsoláthair uisce a fheabhsú i sraitheanna infheistíochta amach anseo. Tá na soláthairtí uisce ar fad i Ros Comáin roinnte ina limistéir acmhainne uisce. Tá measúnú á dhéanamh ar sholáthar uisce, táirgeacht shábháilte agus táirgeadh inbhuanaithe sna soláthairtí atá ann faoi láthair, atá mar chuid den phróiseas. Tá éileamh faoi láthair agus réamh-mheastacháin le haghaidh úsáid uisce thar na 25 bliana atá romhainn á measúnú faoi láthair. Tionóladh ceardlanna le linn 2020. Foilsíodh dréachtchreatphlean an *PNAU* le haghaidh comhairliúcháin poiblí i Nollaig 2020.

Córas Bainistithe Sceite

Cuireadh an córas bainistithe sceite nua, 'Netbase' i bhfeidhm go céimneach ar bhonn rathúil i Ros Comáin. Is garsprioc thábhachtach é sin mar, den chéad uair riamh, tá córas ar bun, ar leibhéal náisiúnta, lena ndéantar figiúirí sceite a ríomh ar bhealach comhsheasmhach agus réasúnach ar fud na n-údarás áitiúil ar fad, agus úsáid á baint as na sonraí is nua-aimseartha ó Chórais Fiontair Uisce Éireann (Maximo, GIS, CC&B etc.).

Comhlíontacht Uisce Óil

Bhí chomhlíontacht fhoriomlán ar an iomlán le Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil do Ros Comáin 99.03%. Tógadh 114 shampla seiceála agus iniúchta ó sholáthairtí uisce poiblí in 2020.

Níor eisíodh Fógra Fiuchta Uisce ar bith in 2020. Ní raibh aon Ordú ann a bhain le Saoráidí Cóireála Uisce Ros Comáin in 2020. Níl Criosanna Soláthair Uisce um uisce poiblí i Ros Comáin ar chlár Liosta Beartaíochta Ceartaithí an GCC.

Tá clár monatóireachta i bhfeidhm faoi láthair maidir le hAil Finn. Baintear úsáid as na sonraí chun tacú le faisnéis a chuirtear isteach chuig an GCC.

Comhlíontacht Fuíolluisce

Bhí ionaid cóireála fuíolluisce uile i Ros Comáin i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Fuíolluisce Uirbeach in 2020. Bhí 5 ionad cóireála fuíolluisce i Ros Comáin i gcomhréir le ceanglais na gceadúnas sceite fuíolluisce agus bhí 7 n-ionad ann nach raibh i gcomhréir leis na ceanglais. Tá imscrúduithe ar siúl faoi láthair chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh.

Tuairiscíodh 32 theagmhas fuíolluisce in 2020, agus tuairiscíodh iad uile faoi spriocanna sonraithe. Cuireadh 2 iniúchadh GCC i bhfeidhm in 2020. Táthar ag dul i ngleic le moltaí na n-iniúchtaí.

Punann na Líonraí Uisce

Creatchlár na Líonraí Uisce

Tá Punann na Líonraí Uisce mar chuid de *Phlean Infheistíochta Caipitil 2017 go 2021* Uisce Éireann á chur i bhfeidhm go céimneach aige. Ar na hoibreacha atá beartaithe le cur i bhfeidhm go céimneach mar chuid den chlár sin, áireofar:

- Príomhphíobáin agus seirbhísí nua a leagan;
- Obair athshlánaithe ar an líonra faoin talamh;
- Athsholáthar luaidhe clóis;
- Limistéar Méadraithe Ceantair a Bhunú;
- Oibreacha comhla um laghdú brú;
- Mionoibreacha agus deisiú sceite san áireamh;
- Oibreacha luaidhe agus méadrú ar thaobh an phobail.

Clár Athshlánaithe na Líonraí Uisce

Ail Finn

Aistríodh 27 nasc chuig an bpríomhphíobán PVC. Leis sin ligeadh do dhíchoimisiú 700m de phríomhphíobán iarainn theilgte, rud lena bhfeabhsaíodh cáilíocht an uisce sa cheantar go suntasach. Rinneadh aer-sciúradh sa chuid eile den phríomhphíobán iarainn theilgte chun sil-leagan trom iarainn agus dríodair a bhaint ón bpíobair. Tá monatóireacht á déanamh ar an limistéar sin agus tá sé san áireamh sa chlár athshlánaithe príomhphíobáin.

Oibreacha Bainistithe Brú

Cuireadh oibreacha bainistithe brú i gcrích san Airgnigh agus i gCéideadh. Suiteáladh comhláir laghdaithe brú nua, píolótaí cianda agus botháin ar thaobh an bhóthair in 2020.

Clár 'Aimsigh agus Deisigh'

Bhí an clár sin ina thríú bliain de dhíriú ar Limistéir Mhéadraithe Ceantair ina raibh figiúirí úsáide uisce arda gan tasc in 2020. Is é atá i gceist leis an *gClár Aimsigh agus Deisigh*, Limistéir Mhéadraithe sa Cheantar a bhfuil aird dírithe orthu a dheimhniú, ina ndéantar tástáil ar dtús le seiceáil brú nialais d'fhonn na limistéir soláthair a chruthú, agus ansin déantar tástáil i gcéimeanna sna limistéir sin d'fhonn limistéir ina bhfuil ráta ard úsáide uisce gan tasc agus ansin oibreacha a chumasú chun sceitheadh a aimsiú agus a dheisiú. Trí dheisiú an sceite sin agus trí mhonatóireacht ar laghdaithe gaolmhara ar úsáid déantar úsáid laethúil a threorú laistigh de Limistéir Mhéadraithe Ceantair i dtreo sprice um leibhéil sceite eacnamaíoch inbhuanaithe do gach limistéar. Mar gheall ar an gclár cuireadh le laghdaithe ar uisce gan tasc agus le coigilteas sceite a bhaint amach de 2.51 ML/L suas le deireadh Mheán Fómhair 2020 thar na 12 mhí roimhe sin. Laghdaíodh an figiúr ionchuir leithdháilte faoi 0.63 ML/L sa tréimhse ama chéanna. Faoi dheireadh 2020, rinneadh athbhreithniú ar 44 Limistéir Mhéadraithe Ceantair faoi oibreacha spriocdhírthe *Aimsigh agus Deisigh*.

Leigheas Roimh Ré

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Beidh fad an chlár ag brath ar líon na gcustaiméirí a bhainfidh leas as an scéim.

Méadair Thráchtála a Athsholáthar

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Cuireadh tús le suirbhéanna mar chéad chéim den athsholáthar ar mhéadair.

Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021

Tá 8 mbeart i dtimthriall maoinithe 2019-2021 den *Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil* (MARWP). Léiríonn na bearta sin na dúshláin is mó atá roimh an earnáil uisce tuaithe faoi láthair i dtaca le tacaíocht mhaoinithe. Tá na bearta dírithe go sonrach níos mó thart ar chur chuige um 'bacainní iomadúla', ón abhantrach go tomhaltóirí (foinse – cóireáil - dáileadh), chun éilliú uisce a chosc agus chun a chinntiú go mbíonn an t-uisce óil sábháilte agus go ndéanann sé paraiméadair cháilíochta na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh ar bhonn seasmhach fadtéarmach.

Fuarthas faomhadh maidir le scéimeanna/tionscadail faoi 8 mbeart de *MARWP 2019-2021* ón Roinn i nDeireadh Fómhair 2019 lena soláthraíodh ciste deontais iomlán de €2,861, 263 thar an tréimhse 3 bliana 2019 go 2021.

► Beart 1 – Cosaint Foinsí Uisce Óil (Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce): Maoiniú €303,000 faofa don tréimhse 2019-2021.

Tá an beart seo dírithe foinse amhuise an ngrúpscéimeanna uisce atá ann cheana féin agus ar an mbealach sin ag cur le sábháilteacht na n-úsáideoirí uisce trí bhithin chumas na scéime paraiméadair cháilíocht an uisce de chuid na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh ar bhonn fadtéarma.

Rinneadh oibreacha in 2019 agus in 2020 ar chostas €132,213 a bhí 100% in-aisíoctha ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Is é atá i gceist le *Treoirhionscadal um Chosaint Foinsí Uisce na nGrúpscéimeanna Uisce* pleananna iomlána um chosaint foinsí a fhorbairt lena n-áirítear bearta sainiúla chun sábháilteacht agus sláine uisce óil grúpscéimeanna uisce a fheabhsú. Beidh ról suntasach ag pobal na feirmeoireachta sa tionscadal seo. Ach tá ról ag cách maidir leis sin, áfach.

Cuirfear béim ar fheasacht a ardú, ar oideachas agus ar ionchuimsiú. Is é ceann amháin d'aidhmeanna an tionscadail obair a dhéanamh i dtreo cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a chruthú ar a mbeidh foinsí uisce feabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe agus níos mó feasachta faoin aeráid ina dtoradh. Beidh an tionscadal dírithe ar thairbhí feirmeoireachta lena mbainfidh torthaí do chomhshaoil. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag Comhairle Contae Ros Comáin maidir le gníomhaíochtaí maolaithe spriocdhírthe agus iomchuí sainiúla mar a leanas:

- Rinneadh dobharlaigh a theorannú;
- Forbraíodh *Creat le haghaidh Foinsí Uisce Óil a Chosaint* mar aon le *Lámhleabhar de Ghníomhaíochtaí Cosanta agus Maolaithe Foinsí don Fheirmeoireacht*;

- › Cuireadh feachtas meán i bhfeidhm d'fhonn feachtas an phobail a ardú maidir le cosaint foinsí uisce i Ros Comáin lena gcuimsíodh bithéagsúlacht;
- › “I’ve Planted a Tree and My Garden is Pesticide Free” - feachtas chun an pobal a spreagadh déanamh réidh le lotnaidicídí ina ngairdíní;
- › An tionscnamh ‘Let it Bee’ ina mbíonn feirmeoirí ag obair le chéile chun an fhoinsé uisce dá gcuid a chosaint agus an bithéagsúlacht a fheabhsú.
- › **Beart 2 - Comhlíontacht Sláinte Poiblí – (Earnáil Grúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú €814,000 don tréimhse 2019-2021.*
Is é is aidhm don bheart seo cáilíocht uisce a fheabhsú sna grúpscéimeanna uisce atá ann cheana, trí na saoráidí cóireála dá gcuid a uasghrádú, sa dóigh is gur féidir leis na scéimeanna comhlíontacht na Rialachán maidir le hUisce Óil a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe fadtéarma. Cuireadh na hoibreacha iomlána faoi scéim 2 i gcrích ar chostas €412,203.40 a maoiníodh 100% le deontas.
- › **Beart 3 - Scéimeanna atá ann Cheana a Fheabhsú, Caomhnú Uisce san áireamh (Earnáil Grúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú de mhéid €1,431,000 don tréimhse 2019-2021.*
Leis an mbeart seo tugtar tacaíocht do thionscadail le go mbeidh grúpscéimeanna uisce atá ann cheana níos éifeachtúla ina bhfeidhmiú (e.g. caomhnú uisce agus uasghrádú an líonra, stóráil san áireamh). Beifear ag cur le cáilíocht mhaith uisce ar bhonn seasmhach inbhuanaithe fadtéarmach. Íocadh maoiniú de mhéid €478,394 leis na scéimeanna ar 85% de na costais.
- › **Beart 5 - Grúpscéimeanna uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais atá ann cheana a aistriú chuig an Earnáil Phoiblí Uisce (Uisce Éireann):** *Faomhadh maoiniú de mhéid €247,000 don tréimhse 2019-2021.*
Leis an mbeart seo cuirtear ar chumas grúpscéimeanna uisce agus grúpscéimeanna séarachais, nuair is mian leo agus nuair a chomhaontaíonn Uisce Éireann leis, aistriú chun na hearnála poiblí uisce (Uisce Éireann). Tá pléití ar siúl faoi láthair le 4 ghrúpscéim uisce chun dul ar aghaidh chuig sealbhú ag Uisce Éireann.
- › **Beart 6 – Cruthaíodh Ceangal Uisce Phobail ag Cnoc na Croise, An Airgnigh, faoi chlár 2019- 2021** agus fuair sé tacaíocht airgeadais de mhéid €22,313.86 arbh ionann é sin agus 85% de chostas na n-oibreacha.
- › **Beart 8 - Soláthar Uisce Príobháideach - Deontais le haghaidh Soláthar Uisce Phríobháidigh chuig Teach a Fheabhsú.**
Rinneadh an scéim deontais reatha chun tacú le hoibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce príobháideach le haghaidh uisce a sholáthar le

hól ag daoine agus chun críocha tís, (ar a dtugtar toibreacha príobháideacha nó tí de ghnáth), a athbhreithniú le héifeacht ón 4 Meitheamh 2020 faoi na Rialacháin Tithíochta (Cúnamh Airgeadais um Sholáthar Uisce Príobháideach) 2020 (S.I. Uimh. 192 de 2020). Ba é an deontas uasta a bhí ar fail roimhe sin ná €2,031.58 nó 75% de chostas na hoibre, cibé ceann acu ba lú. Fuarthas 11 iarratas eile maidir le huasghrádú toibreacha aonair in 2020. Íocadh deontais maidir le 15 iarratas a cuireadh i gcrích de mhéid €25,596.77 san iomlán go dtí deireadh 2020.

Fóirdheontas faoi chomhair Costais Oibriúcháin Grúpscéimeanna Uisce a dhéanann Uisce a Sholáthar don Úsáid Tís:

Le héifeacht ón 1 Eanáir, 2018, méadaíodh agus cuíchóiríodh na fóirdheontais agus tugadh dreasachtaí úra isteach do scéimeanna níos lú. Tá sé sin beartaithe chun cothrom na Féinne níos mó a chruthú d'fhonn a áirithiú go bhfaigheann úsáideoirí tí ar ghrúpscéimeanna uisce tairbhí mar an gcéanna leo siúd a fhaigheann a soláthar uisce ó Uisce Éireann.

- › **Fóirdheontas bliantúil** - Tá fóirdheontas bliantúil in aghaidh gach tí ar fáil do ghrúpscéimeanna as an gcostas oibriúcháin a bhaineann le soláthar uisce tí. Íocadh fóirdheontais bhliantúla de mhéid €478,468.56 le grúpscéimeanna uisce in 2020.
- › **Fóirdheontas Oibríochta agus Cothabhála (O&M)** – Tá an fóirdheontas seo iníoctha le costais Oibríochta agus Chothabhála a bhaineann le conarthaí Dearaidh/Tógála/Oibrithe “bona fide” do ghrúpscéimeanna a bhfuil a gcuid saoráidí cóireála uisce acu le haghaidh grúpscéimeanna a bhfuil a saoráidí cóireála féin acu. Íocadh fóirdheontais O&M de mhéid €399,094.26 le grúpscéimeanna uisce go dtí deireadh 2020.

Íocadh méid iomlán de €877,562.82 mar fhóirdheontais le grúpscéimeanna uisce in 2020.

Deontas Leasúcháin Luaidhe

Tá scéim deontais ar fáil chun cúnamh a thabhairt do theaghlaigh le seirbhísí nua a chur in áit seirbhísí luaidhe sa bhaile, d'fhonn an teacht faoi lé luaidhe in uisce óil a laghdú. Bunaíodh an scéim deontais sin ar bun ar aon dul leis an *Straitéis Náisiúnta Luaidhe*.

‘Duais Eorpach um Beacha’ bronnta ar Chontae Ros Comáin.

Fógraíodh i mbeoshruith ón mBruiséil an 8 Nollaig 2020 gur bhuaigh Comhairle Contae Ros Comáin, i gcomhpháirtíocht le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, ‘Duais Eorpach um Beacha 2020’ sa chatagóir ‘Cleachtas Bainistíochta Talún’ as ucht a rannchuidiú iontach le cosaint pailneoirí.

Cosaint an Chomhshaoil

Clúdaíonn Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Ros Comáin réimse feidhmeanna agus seirbhísí éagsúla. Is iad seo a leanas na príomhréimsí:

- › **Rialú Truailithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce;**
- › **Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola;**
- › **Bainistíocht ar Líonadh Talún;**
- › **Bainistíocht Ionad Fóntas Poiblí agus Ionad Fág Anseo;**
- › **Bainistíocht Bruscair;**
- › **Feasacht faoin gComhshaoil.**

Rialú Truailithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce

Clúdaítear i reachtaíocht um rialú truailithe réimsí amhail truailiú uisce, aertruailiú, núis agus torann. Áirítear le gníomhaíochtaí sonracha i ndáil le rialú truailithe imscrúdú a dhéanamh theagmhais truailithe uisce, ceadúnú agus monatóireacht ar sceitheadh in uiscí agus séaraigh, ceadúnú astaíochtaí san aer agus monatóireacht ar uisce óil, ar fheidhmíocht ionad cóireála fuíolluisce uirbigh agus ar aibhneacha agus ar lochanna. Tionóladh ceardlann in 2016 le hAonad Bainistíochta Abhantrach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chun stádas na n-abhantrach i gContae Ros Comáin a thréithiú i gcomhréir leis an gCreat-treoir Uisce (CTU). Tugadh tús áite do shé dhobharlach i Ros Comáin le tuilleadh gnímh a dhéanamh orthu i dtimthriall reatha chlár na Creat-treorach Uisce. Chuir Foireann um Measúnú Abhantrach Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) tús le hobair ar abhantracha Clooneigh, Jiggy/na hEidhní agus Loch Cé.

Saotharlann

Lean saotharlann na Comhairle le seirbhís chomhroinnte samplála agus tástála a chur ar fáil do 5 údarás áitiúla eile. Bhain sé sin le sampláil agus tástáil uiscí óil, fuíolluisce, eisiltigh thrádála, láisteáit líonta talún, uiscí dromchla, screamhuisce etc. Cuireann an tsaotharlann seirbhís tástála ar fáil freisin don phobal maidir le samplaí uisce. Lean an tsaotharlann le seirbhís a sholáthar le linn phaindéim Covid-19 agus tháirg sí unghadh alcóil do sheirbhísí deonacha go luath sa dianghlasáil. Tar éis do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú iniúchadh a dhéanamh i Lúnasa, choinnigh an tsaotharlann a creidiúnú dá raon feidhme reatha.

Plean Náisiúnta Cigireachta

Is é is cuspóir leis an gcóras clárúcháin agus cigireachta le haghaidh córais chóireála fuíolluisce tí (DWWTS) cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go hairithe foinsí uisce óil) a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais nach bhfuil ag obair i gceart. Le héifeacht ón 26 Meitheamh 2012 ceanglaíodh ar gach úinéir áitribh atá ceangailte le córas cóireála fuíolluisce tí a gcóras a chlárú. Is é €50 an táille ar chlárú.

Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 arna leasú, b'éigean do Chomhairle Contae Ros Comáin 35 láithreán ar a laghad a iniúchadh in 2020. Mar gheall ar shrianta Covid-19 laghdaíodh an líon sin go 21 láithreán. Theip ar 80% (17) díobh agus eisíodh Fógraí Comhairleacha chuig na úinéirí maoine.

Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Leithdháileadh deontas €139,043 ar Chomhairle Contae Ros Comáin ón *gCiste um Chomhshaoil* chun tacú le tionscnaimh thiomnaithe intomhaiste um fhorfheidhmiú. Leanann an tAonad Forfheidhmithe le forálacha sna hAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola agus Truailliú Uisce a fhorfheidhmiú go dian.

Réigiún Dramhaíola Chonnachta-Uladh

Tá Ros Comáin ina chuid de Réigiún Chonnachta-Uladh i gcomhthéacs bainistíocht dramhaíola. Foilsíodh *Plean Dramhaíola Chonnacht-Uladh 2015-2021* i mí na Bealtaine 2015. Ba é sin an chéad phlean chun limistéar geografach réigiún Chonnacht-Uladh a chlúdach. Cheap an réigiún Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an cheann réigiúnach, chun gníomhú thar ceann na n-údarás eile ag a bhfuil freagracht as cur chun feidhme rathúil an phlean. Sa bhreis air sin, roghnaíodh Ceann-Údarás Réigiúnach maidir le Forfheidhmiú um Dhramhaíl i ngach réigiún. Is iad Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Liatroma na comh-cheannúdarás do Chonnachta-Uladh. Tá an fhreagracht ag an gCeann-Údarás Réigiúnach maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola seo as gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiún Chonnachta-Uladh, ag leagan síos freagrachtaí, tosaíochtaí agus cuspóirí comhchoiteanna maidir le forfheidhmiú dramhaíola, ag cinntiú fhorfheidhmiú comhsheasmhach na reachtaíochta um dhramhaíl, agus pearsanra údarás áitiúil aige fós mar na céad fhreagróirí ar an talamh maidir le sáruithe sonracha ar an reachtaíocht um dhramhaíl.

CUWERLA

Lean an Rannóg Comhshaoil ag obair le Ceann-Údarás Réigiúnach maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola Chonnachta-Uladh (CUWERLA) maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus réimsí leasa ar bhonn réigiúnach.

Ionaid Athchúrsála

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin le ceithre ionad athchúrsála a oibriú ag Mainistir na Búille, Ros Comáin, Bealach an Dóirín agus an Caisleán Riabhach. Tá 39 mbanc buidéal lonnaithe ar fud an Chontae agus tá baint teicstíle lonnaithe ag 29 de na láithreáin sin.

Bainistíocht ar Líonadh Talún

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin le monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar dhá láithreán líonta talún cheadúnaithe atá dúnta ag Bealach an Dóirín agus Ros Comáin. Maidir le láithreáin líonta talún san am atá thart, tar éis iarratas a chur isteach chuig an GCC maidir le láithreán líonta talún dúnta an Chaisleáin Riabhach, d'eisigh an GCC Dréacht-dheimhniú Údaraithe in 2020. Cuireadh aighneachtaí isteach maidir leis an dréacht sin. Tá an Chomhairle ag fanacht faoi láthair ar thabhairt chun críche an Deimhnithe Údaraithe ag an GCC.

Plean Bainistíochta Bruscair 2020-2022

San Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, arna leasú, éilítear ar údarás áitiúla chun *Plean Bainistíochta Bruscair* a ghlacadh lena sonraítear an méid a leanas:

- Beart chun bruscar a chosc agus a rialú;
- Bearta chun feasacht an phobail a spreagadh;
- Bearta chun cuspóirí an phlean a bhaint amach.

Ullmhaíodh *Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair* chun an tréimhse 2020 - 2022 a chlúdach, lena áiríodh athbhreithniú ar an bplean roimhe sin, le haghaidh comhairliúcháin. Iarradh aighneachtaí/tráchtanna ó dhaoine aonair, ó ghrúpaí pobail agus deonacha agus ó chomhlachtaí ionadaíocha.

Ag cruinniú an Choiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil, Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Rialachas Corparáideach a tionóladh an 16 Meán Fómhair 2020, mhol comhaltaí an SPC an *Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair*, gan leasú, le haghaidh breithnithe agus glactha ag Comhaltaí Tofa chruinniú iomlánach na Comhairle an 28 Meán Fómhair 2020. Ghlac Comhaltaí Tofa leis an bplean ag Cruinniú Iomlánach sin na Comhairle.

Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

Leis an *gCóras Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar* soláthraítear léargas beacht ar an truailliú ó bhruscar ar fud na tíre agus tomhaistear na hathruithe le himeacht ama go cruinn. Ba í an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Tobin Consulting Engineers a d'fhorbair an córas i gcomhar leis na húdaráis áitiúla. Faoi gcóras, rinne an Chomhairle 24 Shuirbhé Cinníochtúla agus 82 shuirbhé ar thruailliú ó bhruscar. Cuireadh iad sin ar aghaidh chuig Tobin Engineering i ráithe dheireanach 2020 lena n-anailísiú agus lena dtuairisciú.

Tionscnamh Frithdhumpála

Fuarthas deontas €66,273 ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoin *Tionscadal Frithdhumpála 2020* i gcomhair 11 tionscadal. I measc na dtionscadal a cuireadh i bhfeidhm faoin tionscnamh sin bhí bailiú earraí toirtiúla, baint aispeiste as roinnt láithreacha agus ceannach trealaimh. Glanadh roinnt láithreacha i ngach ceann de na Ceantair Bhargasacha freisin faoin scéim deontais sin óna ndearnadh timpeall 60 tona de dhramhaíl a bhaint agus a dhiúscairt.

Clár na Scoileanna Glasa

Is clár fadtéarma oideachais agus feasachta é *Scoileanna Glasa* trína gcuireann scoileanna, agus pobal níos leithne na scoile san áireamh, le forbairt inbhuanaithe an chontae don ghlúin reatha agus do na glúnta le teacht. Is clár forchéimnitheach agus leanúnach é a dearadh do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon. Tá an clár bunaithe ar théamaí éagsúla, agus glactar timpeall 2 bhliain chun gach ceann a chríochnú. Ní mór do scoileanna ar a mbronntar Brat Glas a mbrat a athnuachan gach 2 bhliain. Tá 103 scoileanna laistigh de Chontae Ros Comáin cláraithe do *Chlár na Scoileanna Glasa*. Bronnadh 94 bhrat ghlasa go dtí seo; bronnadh 7 mbrat ar mheánscoileanna agus bronnadh 87 mbrat ar bhunscoileanna. D'éirigh le 38 scoil a mbrat glas a athnuachan in 2020. Tacaíonn Comhairle Contae Ros Comáin le *Chlár na Scoileanna Glasa* trí cheardlanna a eagrú do scoileanna, trí sheimineáir a eagrú do mhúinteoirí, trí chomhairle agus meantóireacht leanúnach a sholáthar agus trí iarratais a mheasúnú.

Fodhlíthe maidir le Corrrhrádáil

An 22 Iúil 2019, tar éis tréimhse de chomhairliúchán poiblí, glacadh le *Fodhlíthe maidir le Corrrhrádáil de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin* d'fhonn rialú agus sonrú corrrhrádáil a éascú i gContae Ros Comáin. Tháinig na fodhlíthe sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020. Faoi na fodhlíthe sin, sainaitníodh láithreáin chorrhrádála sna háiteanna a leanas: Baile Ros Comáin, Bealach an Doirín, Béal na mBuillí, An Chaisleán Riabhach agus Mainistir na Búille. Ní mór Ceadúnas Corrrhrádála a fháil chun trádáil a dhéanamh ó láithreáin shonraithe. Is é €300 an costas bliantúil le haghaidh Ceadúnas Corrrhrádála.

Seirbhís Athchúrsála Earraí Toirtiúla

Mar gheall ar an rath a bhí ar bhailiúchán earraí toirtiúla roimhe seo, thug an Chomhairle seirbhís athchúrsála nua isteach le haghaidh earraí toirtiúla in 2020 ag na láithreáin conláiste cathartha dá cuid ag Bealach an Doirín, Mainistir na Búille, An Caisleán Riabhach agus Ros Comáin. Is le haghaidh sealbhóirí tí amháin na seirbhísí sin. Seo a leanas na rudaí a glacadh agus na táillí atá i bhfeidhm:

- › Tolg €25.00 in aghaidh an earra
- › Cathaoir uilleach €15.00 in aghaidh an earra
- › Tocht €15.00 in aghaidh an earra
- › Bonn dibheáin €10.00 in aghaidh an earra

Cé gur cuireadh an tseirbhís ar fionraí le linn shrianta leibhéal 5 Covid-19, bailíodh 146 thocht, 47 dtolg, 39 gcathaoir uilleacha agus 22 bhonn leapa ag láithreáin conláiste cathartha le linn 2020.

Solid Fuel Campaign 2020

D'fhaomh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí tacaíocht le haghaidh feachtas cumarsáide sna meáin chló maidir le breoslaí soladacha. Cuireadh fógraí i nuachtán áitiúil i Nollaig 2020 agus ar thairseacha meán sóisialta na Comhairle.



Feachtas Breosla Sholadaigh 2020.

Sócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh

Tá freagracht ag an Rannóg um Shócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí, as roinnt réimsí sonracha.

Sócmhainní

Is é an príomhchuspóir foriomlán leis an bhfeidhm sin gach sócmhainn de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin a bhainistiú agus a thaifeadadh lena n-áirítear foirgnimh, talamh, tithe etc, i *gClár comhtháite Sócmhainní* agus cloí le hoibleagáidí reachtúla gaolmhara um thuairisciú na Comhairle. Go dtí seo, cuireadh sonraí maidir le gach foirgneamh agus talamh atá faoi úinéireacht na Comhairle mar aon le líon iomlán an stoic tithíochta sóisialta ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn bliantúil lena gcur isteach sa *Chlár Náisiúnta Maoine*. Tá an Chomhairle ag obair chomh maith i dtreo fardal caighdeánaithe de na sócmhainní comhlachtaí poiblí ar fad a bhaint amach ar bhonn náisiúnta.



Comhairle Contae Ros Comáin ag glacadh na chéad feithicle leictirí dá cuid.

Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta don chlár oibre um athrú aeráide agus gníomhú ar son na haeráide cuimsithe mar fhreagracht faoi leith laistigh den Rannóg Sócmhainní, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Bainistíochta Fuinnimh. Mar thoradh ar bhunú Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) faoin *gCreat Náisiúnta um Oiriúnú* tá an Chomhairle ailínithe le foréigiún Lár na Tíre de CARO an Iarthair agus Lár na Tíre.

Ghlac Comhairle Contae Ros Comáin *Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019 - 2024 de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin* i mí Mheán Fómhair 2019. Déileálann ionadaí de chuid na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide de gach rannóg agus aonad gnó de chuid na Comhairle leis an straitéis sin. Déantar athbhreithniú leanúnach ar ghníomhaíochtaí a thuairisciú do CARO agus don Roinn Comhshaoil agus Cumarsáidí (RACC).

Mar thiomantas do spriocanna agus do phrionsabail um ghníomhú ar son na haeráide, thug an Chomhairle feithicil leictreach isteach mar chuid dá flíit in 2020 agus leanfaidh sí le haistriú go cineál níos inbhuanaithe maidir le feithiclí agus cineálacha breosla a roghnú sa todhchaí.

Bainistíocht Fuinnimh

Is é an phríomhfheidhm de bhainistíocht fuinnimh ról na Comhairle mar chomhlacht poiblí a éascú chun sprioc d'fheabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 (ídiú suas leis an 31 Nollaig 2020) i gcomhthéacs ghealltanais AE agus náisiúnta na hÉireann agus spriocanna athraithe aeráide i gcoitinne agus chun cloí le hoibleagáidí reachtúla gaolmhara um thuairisciú na Comhairle.

Síníodh Comhaontú Comhpháirtíochta Fuinnimh na hEanála Poiblí ar an 25 Aibreán 2016 mar chomhoibleagáid idir an Chomhairle agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) maidir leis an sprioc sin a bhaint amach le meantóireacht agus oiliúint iomchuí curtha i bhfeidhm chun cuidiú leis an gclár. Mar chuid den oibleagáid maidir le monatóireacht agus tuairisciú fuinnimh, bhí na sonraí uile maidir le húsáid fuinnimh 2019 curtha isteach faoi mhí na Bealtaine, 2020. Tá laghdú 29.4% bainte amach ag Comhairle Contae Ros Comáin den sprioc d'fheabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a theastaíonn faoi 2020 bunaithe ar úsáid fuinnimh suas go dtí deireadh 2019.

Leantar le hobair ar dhíriú ar phríomhúsáideoirí fuinnimh na Comhairle ina gcuimsítear go príomha soilsiú poiblí, úsáid leictreachais agus breosla iompair chun tuilleadh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

Soilsiú Poiblí

Chuaigh Comhairle Contae Ros Comáin isteach i gconradh le Energia maidir le soláthar neamh-mhéadraithe agus méadraithe fuinnimh chun an líonra soilsithe poiblí ar fud an chontae a shoilsiú.

Chuaigh an Chomhairle, i gcomhar le húdaráis áitiúla eile i réigiún Chonnachta, isteach i gconradh maidir le cothabháil réigiúnach i mí Dheireadh Fómhair 2020 le Electric Skyline Limited le haghaidh deisiúcháin ghinearálta ar an gcóras a raibh rátaí iomaíocha le haghaidh chothabháil agus dheisiú an fhardail soilsithe poiblí mar thoradh air.

Bunaithe ar shuirbhé ar shoilsiú poiblí a rinneadh in 2016 agus ar thús le uasghrádú náisiúnta ar an soilsiú poiblí go LED, rinne an Chomhairle oibreacha ar líon mór láithreacha ar fud an chontae. Cuireadh tús leis na hoibreacha sin in 2019 agus críochnaíodh iad go luath in 2020. Táthar ag súil go ndéanfar uasghráduithe eile, agus iad sin arna maoiniú ag Bonneagar Iompair Éireann (BIE) san áireamh in 2021.

Dearbhú de réir I.R. 542 de 2009

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

In 2020 chaith Comhairle Contae Ros Comáin €1.24m ar mhuirir a bhain le fuinneamh agus is iad seo a leanas na príomhchatagóirí a bhí i gceist:

- Muirir maidir le fuinneamh agus cothabháil an tsoilsithe poiblí;
- Muirir leictreachais maidir le soilsiú agus téamh spáis;
- Breosla iompair.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh

Ó 2010 i leith rinne Comhairle Contae Ros Comáin raon tionscnamh chun feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Oiliúint a bhaineann le fuinneamh;
- feachtais feasachta;
- oiliúint ar thiománaithe;
- Comhdhlúthú oifigí éagsúla na Comhairle i mbaile Ros Comáin ina gCeanncheathrú Cathartha saincheaptha aonair as ar tháinig tairbhí coigilte fuinnimh;

➤ Uasghrádú ar éifeachtúlacht fuinnimh maidir le:

- Foirgnimh
- Soilsiú Poiblí.

In 2020 lean an Chomhairle le tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú lena áiríodh:

- Iarfheistiú LED ar shoilsiú poiblí sna háiteanna a leanas:
 - Príomhbhóithre agus bóithre den dara grád náisiúnta éagsúla ar fud an chontae;
 - Bóithre réigiúnacha agus eastáit ar fud an chontae.

Curtha le chéile, tá na bearta sin agus bearta coigilte fuinnimh eile ag cur le coigilteas bliantúil suntasach i ndáil le fuinneamh don Chomhairle le laghdú reatha fuinnimh (úsáid suas go dtí deireadh 2019) de 29.4% bunaithe ar bhonnlíne 2009 d'fhonn sprioc de 33% a bhaint amach faoi dheireadh 2020.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin tuilleadh feabhais a chur ar a feidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- *Plean Gníomhaíochta Fuinnimh Ilbhliantúil*
- Monatóireacht agus iniúchtaí fuinnimh ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh le hoibreacha uasghrádaithe mar thoradh air sin;
- Feachtais feasachta le gach ball foirne;
- Uasghrádú LED ar an stoc reatha soilsithe poiblí ar phríomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre den dara grád agus ar bhóithre áitiúla. Chláraigh an Chomhairle mar rannpháirtithe sa *Tionscadal Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí Údaráis Áitiúil* arna chomhordú ag an Oifig Bainistíochta Bóithre (OBB) atá le tosú ar bhonn náisiúnta go luath in 2021 agus i gContae Ros Comáin faoi ráithe dheireanach 2021/faoin gcéad ráithe 2022.

Gnóthaí Corparáideacha

Áirítear ar fheidhmeanna Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí tacaíochta a sholáthar do Lucht Bainistíochta na Comhairle; cruinnithe na Comhairle agus a fochoistí a eagrú agus fónamh orthu; clár na dtoghthóirí; árachas; bainistíocht saoraidí; feidhmeanna tréidliachta; seirbhísí rialaithe madraí; fáiltithe cathartha; imeachtaí, seirbhísí custaiméirí; gearáin ó chustaiméirí; saoráil faisnéise agus cosaint sonraí.

Cruinnithe Chomhairle Contae Ros Comáin

Ag Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle, tagann 18 Comhaltaí na Comhairle le chéile chun a gcuid feidhmeanna forchoimeádta agus pléann siad le gnóthaí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha atá rithábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe an chontae ar aon dul leis na tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí i bPlean Corparáideach na Comhairle.

Tionóladh 10 gCruinniú Iomlánacha na Comhairle in 2020. Cuireadh cruinniú mhí Mhárta ar ceal mar gheall ar phaindéim Covid-19. Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana i Meitheamh agus toghadh an Comhairleoir Laurence Fallon mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Marty McDermott mar Leaschathaoirleach. Tionóladh Cruinniú an Bhuiséid i Samhain. Tionóladh Cruinniú Speisialta i Samhain freisin chun Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis an *gComhairliúchán Réamhdhreachtach ar Phlean Forbartha an Chontae* a fhaomhadh.

Clár na dToghthóirí

Faoi na hAchtanna Toghcháin 1992, 1997 agus 2001, tháinig 2 leagan den Chlár, an Clár Atheagraithe agus an Clár Iomlán, i bhfeidhm an 15 Feabhra 2020.

Rinneadh Forlónadh le Clár na dToghthóirí do Chontae Ros Comáin a chomhthiomsú agus a fhoilsiú don Olltoghchán a bhí ar siúl Dé Sathairn an 8 Feabhra 2020. Cuireadh líon iomlán de 2,436 toghthóirí ar an bhForlónadh sa bhreis ar 49,883 toghthóirí ar an gClár Beo (2019/2020).

Tháinig na hathruithe ar theorainneacha arna moladh i *dTuarascáil um Athchóiriú Toghcheantar 2017* i bhfeidhm don Olltoghchán in 2020.

Tábla 1 Clár na dToghthóirí

Toghcheantar na Dála	Toghthóirí Uachtaránachta	Toghthóirí na Dála
Ros Comáin Ros Comáin - na Gaillimhe	41,710	43,271
Toghthóirí Toghcheantar Shligigh - Liatroma i gContae Ros Comáin	5,708	5,927
Toghthóirí Toghcheantair an Láir Tíre – an Iarthuaiscirt do Pharlaimint na hEorpa		49,368
Toghthóirí na dToghlimistéar Áitiúil		50,687
➤ Toghlimistéar Áitiúil Bhaile Átha Luain		15,305
➤ Toghlimistéar Áitiúil Mhainistir na Búille		17,994
➤ Toghlimistéar Áitiúil Ros Comáin		17,388

Plean Corparáideach 2020-2024

Glac na Comhaltaí Tofa leis an bPlean Corparáideach ag an gcruinniú dá gcuid an 24 Feabhra 2020. Úsáidfear an plean mar chreat gníomhaíochta straitéiseach Chomhairle Contae Ros Comáin le linn shaolré na Comhairle reatha agus é ar aon dul leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001. Sa phlean, leagtar amach cuspóirí na Comhairle faoi na 3 thosaíocht a leanas chun a misean a chur i gcrích, dearchtaí mhuintir Ros Comáin a léiriú agus pobail inbhuanaithe a chruthú i dtimpeallacht atá ag athrú:

- Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;
- Forbairt eacnamaíoch agus pobail;
- Seirbhísí ardchaighdeán dár ndaoine.

Fáiltithe Cathartha agus Imeachtaí

Is ábhar bróid é do Chomhairle Contae Ros Comáin fáiltithe, imeachtaí agus searmanais bhronnta a óstáil do dhaoine ina limistéar riaracháin a bhfuil clú tuillte acu agus a thugann bród agus onóir chuig a bpobal as ucht a n-éachtaí. Féadfaidh Comhaltaí na Comhairle saoránaigh a ainmniú. Óstálann an Chomhairle, de réir mar a thagann an ócáid chun cinn, fáiltithe cathartha chomh maith do dhaoine mór le rá ar cuairt chuig an gceantar agus óstálann sí imeachtaí ag Áras an Chontae chun ócáidí ar leith a cheiliúradh. Ní raibh fáiltithe cathartha ar bith ar siúl in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19.

Sparánacht Dermot Earley

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin sparánacht bhliantúil spóirt chun ómós a thabhairt do Dhiarmuid Ó Maolmhoichéirghe (Mór) nach maireann. Trí na scoláireachtaí tugtar cúnamh airgeadais do bheirt iarrthóirí rathúla as Contae Ros Comáin (ó gach inscne) ag a bhfuil cúlra cumasach acu sa spórt agus atá ag freastal ar oideachais tríú leibhéal sa chéad bhliain. Reáchtáladh agallaimh ar líne agus ba iad na hiarratasóirí rathúla do bhliain acadúil 2020/2021 Aimee O'Connor ag déanamh ionadaíocht ar son Chlub CLG Naomh Doiminic agus Sean Trundle ag déanamh ionadaíocht ar son Chlub CLG Naomh Bríd.

Turais Ionadaithe Thar Lear

Thaistil an Cathaoirleach, an Comhairleoir Paschal Fitzmaurice agus an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Eugene Cummins chuig Nua-Eabhrac ón 6 Márta go dtí an 8 Márta chun freastal ar Dhinnéar Bliantúil Chumann Ros Comáin Nua-Eabhrac. Cuireadh cuairt an Chathaoirligh ar Nua-Eabhrac le haghaidh cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig ar ceal mar thoradh ar phaindéim Covid-19.



I Láthair ag Dinnéar Chumann Ros Comáin Nua-Eabhrac, Dé hAoine an 6 Márta, 2020 - an Comhairleoir Paschal Fitzmaurice, an Cathaoirleach, Comhairle Contae Ros Comáin; an tUasal Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Ros Comáin; an tUasal John Beirne; An tUasal Jim Tansey; An tUasal Joe Cryan; an Moinsíneoir Kevin Flanagan agus an tUasal Tom Giblin.

Na Meáin Shóisialta

Le húsáid na meán sóisialta corparáideach, eadhon Facebook, Twitter agus Instagram, treisítear agus feabhsaítear cúrsaí cumarsáide agus cuireann sé le cur chun cinn agus feasacht na Comhairle. Leis na bealaí sin, cuirtear ar chumas na Comhairle a líonra cumarsáide a mhéadú, faisnéis a scaipeadh ar bhealach éifeachtach agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla leis an bpobal. Bhí ról tábhachtach acu in 2020 maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh na Comhairle a chur chun cinn le linn phaindéim Covid-19, agus an Chomhairle nasctha le sprioclucht nua níos mó mar thoradh air sin. Ag deireadh 2020, bhí 16 bhealach na meán sóisialta i bhfeidhm ag an gComhairle lena raibh líon iomlán de 37,232 leantóirí san áireamh.

Feidhmeanna Tréidliachta

Feidhmíonn Comhairle Contae Ros Comáin conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) chun maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht bia i 9 seamlas agus i 6 mhonarcha mhonaraithe feola neamhspleácha. Déanann Oifigeach Tréidliachta na Comhairle agus Cigirí Tréidliachta sealadacha maoirseacht ar mharú. Déantar iniúchadh ante- mortem agus post-mortem ar gach ainmhí lena chinntiú go bhfuil an bia oiriúnach lena ithe ag an duine. Déantar inrianaitheacht na n-ainmhithe go léir a dheimhniú chomh maith. Maraíodh 3,083 eallach, 6,877 gcaora agus 313 mhuc in 2020 i seamlais ar a ndéanann an Chomhairle maoirseacht.

Seirbhísí Rialaithe Madraí

Faoi Acht um Rialú Madraí 1986, glacann Cúram Ainmhithe Lár na Tíre freagracht as rialú madraí sa chontae faoi chonradh seirbhíse le Comhairle Contae.

De réir an dlí éilítear ar úinéirí madraí ceadúnas reatha madraí a bheith acu agus ní mór micrishliseanna a bheith sna madraí. I mí Iúil 2018, thug An Post an Clár Náisiúnta Madraí isteach trínar féidir ceadúnais madra a cheannach ar líne. Is féidir ceadúnas a cheannach ó aon Oifig an Phoist.

In 2020, b'ionann an caiteachas maidir le Seirbhísí Rialaithe Madraí agus €182,844 agus b'ionann an t-ioncam iomlán maidir leis na ceadúnais agus na táillí sin agus €63,818.

Leis an Acht um Bunachais Pórucháin Madraí, 2010, ceanglaítear ar áitribh iarratas a dhéanamh lena gcuimsiú ar *Clárú Bunachais Pórucháin Madraí* na nÚdarás Áitiúil. Cuimsíodh dhá bhunachas ar chlár na Comhairle ag deireadh 2020.

Saoráil Faisnéise (SF)

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 73 iarratas SF in 2020. Tá miondealú maidir le torthaí na n-iarratas sin léirithe sa tábla thíos.

Tábla 2 Saoráil Faisnéise

Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 1 Eanáir 2020	10
Líon na n-iarratas a fuarthas le linn 2020	73
